# Treo Straitéiseach Fhoras na Gaeilge 2025-2030

# Clár an ábhair

Treo Straitéiseach Fhoras na Gaeilge 2025-2030 ..... 1
Achoimre ..... 5
Mórchuspóir Straitéiseach 1: Cumas teanga ..... 6
Mórchuspóir Straitéiseach 2: Úsáid teanga ..... 7
Mórchuspóir Straitéiseach 3: Stádas agus Dearcthaí Teanga ..... 8
Mórchuspóir Straitéiseach 4: Rialachas Eagraíochtúil ..... 9
Réamhrá ..... 11
Faoi Fhoras na Gaeilge ..... 11
Comhthéacs Pleanála ..... 12
Cur Chuige Comhpháirtíochta ..... 13
Prionsabail agus coincheapa na pleanála teanga ..... 14
Beocht teanga ..... 15
An nuachainteoir ..... 15
An claochlú sóisialta ..... 15
Stádas na Gaeilge ó dheas ..... 16
Stádas na Gaeilge ó thuaidh ..... 18
Treochtaí reatha sa dá dhlínse ..... 19
**MÓRCHUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA** ..... 20
**MÓRCHUSPÓIR STRAITÉISEACH 1: CUMAS TEANGA** ..... 21
1.1 Oideachas ..... 22
1.1.1 Réamhscolaíocht, naíolanna agus cúram lae ..... 22
1.1.2 Scoileanna Béarla ..... 24
1.1.3 Gaelscolaíocht ..... 25
1.1.4 Ollscolaíocht ..... 27
1.1.5 Foghlaimeoirí fásta ..... 29

1.2 Acmhainní teanga .....30
1.2.1 Forbairt na foclóireachta agus na téarmaíochta .....31
1.2.2 Forbairt earnáil an aistriúcháin .....32
1.2.3 Teicneolaíocht dhigiteach .....32
**MÓRCHUSPÓIR STRAITÉISEACH 2: ÚSÁID TEANGA** .....34
2.1 Pleanáil teanga sa phobal.....34
2.1.1 An próiseas pleanála teanga .....35
2.1.2 Lárionaid Ghaeilge.....36
2.1.3 Oiliúint agus feasacht .....37
2.2 Comhionannas agus éagsúlacht .....37
2.2.1 Tacaíocht spriocdhírithe.....38
2.2.2 Feasacht faoin éagsúlacht agus an Ghaeilge .....39
2.2.3 An éagsúlacht a léiriú .....40
2.2.4 Cothú na héagsúlachta sa tsochaí .....40
2.2.5 Cothú na héagsúlachta san eagraíocht.....41
2.3 Deiseanna úsáide .....41
2.3.1 Nuachainteoirí.....42
2.3.2 Teaghlaigh .....44
2.3.3 Cultúr, ealaíona agus spórt.....45
2.3.4 Geilleagar .....46
2.3.5 Na meáin chumarsáide agus an teicneolaíocht .....47
2.3.6 Seirbhísí poiblí .....49
2.3.7 Gaeilge na hAlban .....50
2.3.8 Deiseanna úsáide eile.....51
2.4 Leabhair .....52
2.4.1 Clár na Leabhar Gaeilge.....52
2.4.2 Áis .....54

2.4.3 An Gúm ..... 54
3.1 Feasacht ..... 57
3.2 An Ghaeilge thar lear ..... 58
3.3 Tionchar agus comhairle ..... 59
3.4 Taighde ..... 61
**MÓRCHUSPÓIR STRAITÉISEACH 4: RIALACHAS EAGRAÍOCHTA** ..... 63
4.1 Acmhainní ..... 64
4.2 Struchtúr agus córais ..... 65
4.2.1 Struchtúr eagraíochtúil ..... 65
4.2.2 Acmhainní daonna ..... 65
4.2.3 Córais inmheánacha ..... 66
4.3 Luacháil ..... 66
4.4 Bonneagar teicniúil ..... 68
**FEIDHMIÚ** ..... 69

# Achoimre

Sa Treo Straitéiseach seo, leagann Foras na Gaeilge amach na mórchuspóirí straitéiseacha atá aige don tréimhse 2025-2030.

Is cáipéis ardleibhéil é seo, ina mínítear na mianta straitéiseacha atá ag an eagraíocht maidir le cur chun cinn na Gaeilge, bunaithe ar phrionsabail na pleanála teanga. Is bunchloch faoi phleanáil chorparáideach agus straitéiseach na heagraíochta é an Treo Straitéiseach seo agus is iad an Plean Corparáideach (2026-2029) agus na Pleananna Gnó bliantúla a aontaítear leis an dá rialtas an mheicníocht ina dtabharfar tuilleadh sonraí faoi bhearta aonair, spriocanna sonracha, páirtithe freagracha agus amscála feidhmithe.

Cuimsíonn an comhthéacs pleanála inar ullmhaíodh an Treo Straitéiseach seo an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ó dheas, an straitéis atá á hullmhú ó thuaidh, an reachtaíocht teanga sa dá dhlínse agus polasaithe faoin oideachas, faoin luathóige agus faoin teicneolaíocht ó dheas. Aithnítear sa Treo Straitéiseach an smaointeoireacht is déanaí go hidirnáisiúnta i dtaca leis an bpolasaí agus an phleanáil teanga, go háirithe i gcomhthéacs na mórathruithe sóisialta, eacnamaíocha, teicneolaíochta agus polaitiúla a bhfuil mórthionchar acu ar theangacha mionlaithe ar nós na Gaeilge. Bunaíodh an Treo Straitéiseach ar phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis an bpobal in 2024 a chuimsigh plé le saineolaithe, suirbhéanna, deis le haighneacht a chur isteach agus cruinnithe poiblí.

Tá feidhmiú an Treo Straitéisigh ag brath ar chomhoibriú éifeachtach le geallsealbhóirí uile Fhoras na Gaeilge, go háirithe leis na Ranna Coimircíochta agus na Ceanneagraíochtaí Gaeilge. Chun go mbeidh rath air, is gá soláthar cuí acmhainní a bheith ar fáil, idir bhuiséad agus fhoireann, agus teastaíonn tuilleadh feasachta i measc an phobail maidir le fís agus misean na heagraíochta.

# Mórchuspóir Straitéiseach 1: Cumas teanga

1. OIDEACHAS:
    - Réamhscolaíocht, naíolanna agus cúram lae: Tá gá le tuilleadh áiseanna gairmiúla do pháistí in aois réamhscoile. Tá an earnáil phríobháideach ag brath ar an oideachas luathóige faoi láthair, agus tá gá le tuilleadh infheistíochta chun bonn níos láidre a chur faoin tumoideachas luathóige. Tá Foras na Gaeilge ag iarraidh naíolann a bhunú i ngach Líonra agus Baile Seirbhíse Gaeltachta faoi dheireadh thréimhse an Treo Straitéisigh seo.
    - Scoileanna Béarla: Tá ról fíorthábhachtach ag na scoileanna Béarla chun an Ghaeilge a mhúineadh do gach dalta. Is gá dul i ngleic le fadhb na ndíolúintí agus teastaíonn tuilleadh infheistíochta i dtionscadail ar nós Gaelbhratach agus Scoil Spreagtha.
    - Gaelscolaíocht: Tá fás na Gaelscolaíochta ina stad le blianta agus tá gá le tuilleadh acmhainní agus straitéis chun an earnáil a fhorbairt le freastal ar éileamh an phobail.
    - Ollscolaíocht: Tá gá le tuilleadh céimithe a bhfuil ardscileanna Gaeilge acu chun freastal ar an éileamh ar sholáthar seirbhísí Gaeilge. Is féidir an líon sin a fhás trí roghanna breise a sholáthar i réimsí ar nós ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) agus ábhair eile trí Ghaeilge.
    - Foghlaimeoirí fásta: Teastaíonn tuilleadh eolais faoi sholáthar comónta cúrsaí chun cur le deiseanna foghlama do dhaoine fásta. Déanfaimid taighde faoin earnáil sin agus éascóimid lárphointe eolais faoi na roghanna atá ann.
2. ACMHAINNÍ TEANGA:
    - Foclóireacht agus téarmaíocht: Cé go bhfuil mórfhorbairtí foclóireachta ar na bacáin le linn thréimhse an Treo Straitéisigh seo, teastaíonn tuilleadh tacaíochta chun cur le hacmhainní foclóireachta agus téarmaíochta na Gaeilge.

- Earnáil an aistriúcháin: Tá an-éileamh ar an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí agus tá Séala nua Creidiúnaithe d'Eagarthóirí le tabhairt i bhfeidhm go luath. Is gá tacú le forbairt earnála fógraíochta Gaeilge chun ardchaighdeán a chinntiú.
- Teicneolaíocht dhigiteach: Eascraíonn deiseanna móra don teanga ó infheistíocht sa teicneolaíocht dhigiteach, go háirithe i dtaca leis an intleacht shaorga. Teastaíonn ó Fhoras na Gaeilge tacú leis an bPlean Digiteach don Ghaeilge agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gcorpais scríofa agus labhartha na Gaeilge.

## Mórchuspóir Straitéiseach 2: Úsáid teanga

1. PLEANÁIL TEANGA SA PHOBAL:
   - An próiseas pleanála teanga: Tá dul chun cinn suntasach déanta ó bunaíodh an próiseas ach tá dúshláin fós ann, go háirithe ó thaobh líon na gceantar atá páirteach agus coinníollacha fostaíochta na nOifigeach Pleanála Teanga.
   - Lárionaid Ghaeilge: Is gá tuilleadh infheistíochta sna lárionaid Ghaeilge atá ar an bhfód cheana agus tacaíocht spriocdhírithe do ghrúpaí pobail chun lárionaid nua a fhorbairt.
   - Oiliúint agus feasacht: Teastaíonn oiliúint agus cláracha feasachta chun an phleanáil teanga a fhorbairt sa tseirbhís phoiblí agus sa phobal i gcoitinne.
2. COMHIONANNAS AGUS ÉAGSÚLACHT:
   - Tacaíocht spriocdhírithe: Tá gá le tuilleadh infheistíochta i seirbhísí digiteacha a fhreastalóidh ar dhaoine faoi mhíchumas agus i dtionscadail ar nós Céad Míle Fáilte a fhreastalaíonn ar inimircigh.
   - Feasacht faoin éagsúlacht agus an Ghaeilge: Mar chuid den mhórfheachtas Creidim Ionat, forbróidh Foras na Gaeilge feachtais feasachta inar léireofar inimircigh a bhfuil an Ghaeilge foghlamtha acu.

- An éagsúlacht a léiriú: Tacóidh Foras na Gaeilge le himeachtaí cultúrtha a bhaineann le pobail mhionlaigh in Éirinn.
- Cothú na héagsúlachta sa tsochaí: Iarrfar ar dheontaithe a léiriú conas a thacóidh siad le cur chun cinn an chomhionannais agus na héagsúlachta san obair a mhaoiníonn Foras na Gaeilge.

3. DEISEANNA ÚSÁIDE:
   - Nuachainteoirí: Tacóidh Foras na Gaeilge le cruthú spásanna sábháilte Gaeilge agus neartófar na ciorcail chomhrá agus deiseanna sóisialta nua.
   - Teaghlaigh: Tacóidh Foras na Gaeilge le feachtais feasachta faoi úsáid na Gaeilge sa teaghlach agus le seirbhísí cúraim leanaí nó naíolainne i ngach ceantar pleanála teanga.
   - Cultúr, ealaíona agus spórt: Tacóidh Foras na Gaeilge le féilte, le hócáidí cultúrtha agus liteartha agus le cúrsaí spóirt agus folláine.
   - Geilleagar: Tacóidh Foras na Gaeilge le húsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide i gcomhthéacsanna gnó agus eacnamaíocha.
   - Na meáin chumarsáide agus an teicneolaíocht: Tacóidh Foras na Gaeilge le tuilleadh maoinithe chun ábhar meán ar ardchaighdeán trí Ghaeilge a chur ar fáil.
   - Seirbhísí poiblí: Oibreoidh Foras na Gaeilge le hOifig an Choimisinéara Teanga chun tacaíocht a fhorbairt do sheirbhísí idirghníomhacha rialtais trí Ghaeilge.
   - Gaeilge na hAlban: Tacóidh Foras na Gaeilge leis an gcomhoibriú idir lucht labhartha Ghaeilge na hÉireann agus Ghaeilge na hAlban tríd an gclár Colmcille.

## Mórchuspóir Straitéiseach 3: Stádas agus Dearcthaí Teanga

1. FEASACHT: Mar chuid de Creidim Ionat agus i bpáirt le heagraíochtaí eile, déanfaimid forbairt ar fheachtais feasachta i

measc an phobail faoi théamaí amhail buntáistí an dátheangachais, an tumoideachas, deiseanna úsáide Gaeilge agus cearta teanga.

2. AN GHAEILGE THAR LEAR: Tacóidh Foras na Gaeilge le poiblíocht ar na buntáistí a bhaineann le stádas oifigiúil na Gaeilge san AE agus le cláir Ghaeilge ar an tríú leibhéal i Meiriceá Thuaidh.
3. TIONCHAR AGUS COMHAIRLE: Leanfaimid orainn de bheith ag stocaireacht ar son na Gaeilge ag leibhéil éagsúla agus ag cur comhairle ar lucht riaracháin an dá dhlínse. Glacfaimid ról réamhghníomhach i dtaca le feidhmiú na reachtaíochta teanga ó thuaidh agus ó dheas agus tacóimid le daingniú agus forbairt na Gaeilge sa dá chóras oideachais.
4. TAIGHDE: Foilseoimid mórthuarascáil taighde nua ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge. Déanfaimid coimisiúnú ar thaighde eile faoi úsáid teangacha ar an tsráid agus in áiteanna poiblí, agus faoi fhorbairt na Gaeilge i measc gnólachtaí.

## Mórchuspóir Straitéiseach 4: Rialachas Eagraíochtúil

1. MAOINIÚ AGUS ACMHAINNÍ: Tá gá le soláthar cuí acmhainní, idir bhuiséad agus fhoireann, chun riar ar phleananna straitéiseacha na heagraíochta ach tá titim 45% tagtha ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge ó 2008, laghdú a bhfuil tionchar díobhálach aige orainn féin agus ar earnáil na Gaeilge ar fad. Is é seo an dúshlán is mó atá againn mar eagraíocht agus táimid diongbháilte sa tréimhse straitéise nua go n-oibreoimid ag an leibhéal is airde leis an dá Rialtas chun plean fadtéarmach inbhuanaithe maoinithe a aontú.
2. STRUCHTÚR AGUS CÓRAIS: Déanfar athbhreithniú ar struchtúr Fhoras na Gaeilge chun feidhmeanna agus freagrachtaí barrtháibhachtacha a shoiléiriú. Aontófar clár forbartha foirne agus déanfar athbhreithniú ar pholasaithe agus nósanna imeachta

uile na heagraíochta. Déanfar luacháil leanúnach ar scéimeanna Fhoras na Gaeilge chomh maith.

# Réamhrá

Tá dearcadh an-dearfach ag an bpobal faoin nGaeilge. De réir mórshuirbhé a rinne Foras na Gaeilge ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge (2015), tá dearcadh dearfach ag 67% den phobal ó dheas agus 45% den phobal ó thuaidh i leith na Gaeilge agus as na daoine a léirigh tuairim ina taobh, bhí móramh sa dá dhlínse i bhfabhar an teanga a mhúineadh do pháistí.

- Tá tóir ar an nGaelscolaíocht. Chuirfeadh duine as gach ceathrar páiste go bunscoil lán-Ghaeilge dá mbeadh ceann in aice láimhe.
- Bhí an próiseas pleanála teanga 10 mbliana ar an bhfód in 2024 agus rinneadh obair mhór in go leor de na ceantair go dtí seo cé go bhfuil dúshláin le sárú fós.
- Ritheadh reachtaíocht nua sa dá dhlínse le déanaí agus in 2022, bronnadh stádas oifigiúil ar an nGaeilge den chéad uair riamh ó thuaidh.
- Cuireann Foras na Gaeilge tacaíocht Iárnach ar fáil don teanga ar bhonn uile-oileáin i bpáirt le 6 cinn de Cheanneagraíochtaí Gaeilge.
- Eascraíonn dúshláin mhóra don phleanáil teanga ó na mórathruithe sóisialta, eacnamaíochta agus teicneolaíochta atá ar siúl sa saol agus is gá aghaidh a thabhairt orthu feasta mar dhlúthchuid den phleanáil teanga.

# Faoi Fhoras na Gaeilge

Is Comhlacht Fhorfheidhmithe Thuaidh/Theas é Foras na Gaeilge, a bunaíodh ar 2 Nollaig 1999 agus atá freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Aistríodh foireann Bhord na Gaeilge, an Ghúim (na foilsitheoirí) agus an Choiste Téarmaíochta agus a ngníomhaíochtaí ar fad go dtí Foras na Gaeilge ar lá a bhunaithe. Táimid freagrach as na feidhmeanna seo a leanas, mar a leagtar amach san Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 iad:

- An Ghaeilge a chur chun cinn.
- Úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach ó dheas agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, ó thuaidh mar a mbeidh éileamh cuí ann.
- Comhairle a chur ar an dá lucht riaracháin, ar chomhlachtaí poiblí agus ar ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach.
- Tionscadail thacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá.
- Taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh.
- Téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt.
- Tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Cuirtear na feidhmeanna sin i gcrích trí obair a dhéanaimid go díreach, trí dheontais a chuirimid ar fáil do Cheanneagraíochtaí Gaeilge agus d'eagraíochtaí Gaeilge eile, agus trí thacaíocht airgeadais a thugaimid do ghrúpaí pobail.

Mar chomhlacht Thuaidh/Theas, oibrímid faoi threoir bheartais na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus an dá rialtas agus táimid cuntasach do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais. Ag leibhéal riaracháin, tuairiscímid dár Ranna Coimircíochta, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobal agus Gaeltachta agus an Roinn Pobal (Feidhmeannas Thuaisceart Éireann).

# Comhthéacs Pleanála

Is é comhthéacs an Treo Straitéisigh seo na dualgais éagsúla phleanála uile-oileáin atá ar Fhoras na Gaeilge i leith na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) – is é sin Plean Corparáideach trí bliana agus

Plean Gnó bliantúil a réiteach le bheith faofa ag an CATT – agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge i ndlínse Rialtas na hÉireann agus a chomhionann de straitéis atá á forbairt i ndlínse an Fheidhmeannais. Chomh maith leis sin, baineann tábhacht as cuimse leis an bPlean Digiteach don Ghaeilge, a d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann in 2022, an Polasaí don Oideachas Gaeltachta, a d'fhoilsigh an rialtas ó dheas in 2016, an Polasaí don Oideachas Lán- Ghaeilge ag an Roinn Oideachais agus Óige ó dheas, agus an Plean Cuimsitheach Gaeilge don Luathóige ag an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais ó dheas, a bhí á bhforbairt tráth scríofa na straitéise seo.

## Cur Chuige Comhpháirtíochta

De thoradh ar chinneadh den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ar 10 Iúil 2013, roghnaigh Foras na Gaeilge na Ceanneagraíochtaí seo a leanas a ghlacfadh freagracht as 6 mhór-réimse oibre:

| Ceanneagraíocht | Mór-réimse Oibre |
|---|---|
| Gaeloideachas | Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge |
| Gael Linn | Oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aosaigh, agus deiseanna úsáide do dhaltaí scoile |
| Glór na nGael | Forbairt pobail, tógáil teaghlaigh le Gaeilge agus forbairt na fiontraíochta |
| Oireachtas na Gaeilge | Deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán do dhaoine fásta |
| Conradh na Gaeilge | Ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit) |
| Cumann na bhFiann | Forbairt deiseanna úsáide Gaeilge agus gréasán do dhaoine óga |

Mar chuid den chinneadh céanna, bunaíodh dhá fhóram – an Fóram Comhpháirtíochta agus an Fóram Forbartha Teanga. Tá ceannasaithe na gCeanneagraíochtaí thuasluaite in mbaill den Fhóram Comhpháirtíochta mar aon le Cathaoirleach an Fhóraim Forbartha Teanga agus ionadaithe ó Fhoras na Gaeilge. Tá an Fóram Forbartha Teanga ionadaíoch ar shainghrúpaí áitiúla teanga ag leibhéal an phobail. Is dlúthchuid é an Fóram Forbartha Teanga den chur chuige comhpháirtíochta, an struchtúr foirmiúil idir na Ceanneagraíochtaí agus Foras na Gaeilge.

## Prionsabail agus coincheapa na pleanála teanga

Is iomaí téarma agus coincheap a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na hiarrachtaí a dhéantar le tionchar a imirt ar úsáid teanga a úsáid. I measc na gceann is coitianta a dtagraítear dóibh i gcomhthéacs na Gaeilge, tá an phleanáil teanga agus an t-athneartú teanga; agus is minic an polasaí teanga a úsáid mar scáth-théarma ar an obair seo go hidirnáisiúnta. Tá an úsáid a bhaineann cainteoirí as teangacha, agus a n-iompar i leith na dteangacha a labhraíonn siad, faoi thionchar ag iliomad cúinsí gaolmhara.

Úsáidtear an téarma ‘pleanáil teanga’ go coitianta i dtíortha ina bhfuil an Béarla i dtreis chun cur síos a dhéanamh ar an obair seo. Sna 1980í, moladh an

phleanáil teanga a fhoroinnt de réir téamaí éagsúla: an phleanáil stádais (mar shampla stádas oifigiúil a bhronnadh ar an teanga); an phleanáil chorpais (ag forbairt na teanga féin, mar shampla trí mheán na foclóireachta) agus an phleanáil sealbhaithe (teagasc agus foghlaim na teanga). Ó na 2000í i leith, moladh múnla den pholasaí teanga a chuimsíonn na cleachtais (an úsáid a bhaintear as teangacha), na creidimh (na rudaí a chreidtear faoi theangacha) agus an bhainistíocht teanga (na hiarrachtaí a dhéantar dul i bhfeidhm ar chleachtais agus creidimh).

## Beocht teanga

Cuimsíonn obair Fhoras na Gaeilge na naoi réimse atá aitheanta ag UNESCO atá riachtanach le beocht teanga mionlaithe a chinntiú: an t-aistriú teanga idirghlúine; líon iomlán na gcainteoirí; céatadán na gcainteoirí mar chuid den daonra iomlán; treochtaí i réimsí úsáide teanga; freagairt d'fhearainn úra agus do mheáin úra; ábhair don fhoghlaim agus don litearthacht teanga; dearcthaí rialtais agus institiúidí mar aon le polasaithe teanga, stádas agus úsáid oifigiúil; dearcadh an phobail ar an teanga; agus méid, cineál agus caighdeán na cáipéisíochta atá ar fáil faoin teanga féin.

## An nuachainteoir

Coincheap eile den pholasaí teanga a bhaineann go dlúth le hobair Fhoras na Gaeilge is ea an nuachainteoir. D'eascair an coincheap seo ó thaighde ar mhionteangacha a labhraítear i stát na Spáinne, a raibh lear mór nuachainteoirí tagtha chun cinn mar thoradh ar an bpolasaí teanga le daichead bliain. Sainmhínítear an nuachainteoir mar dhuine a fhoghlaimíonn an sprioctheanga i gcomhthéacs oideachasúil lasmuigh den bhaile, a shealbhaíonn an teanga go leibhéal ard cumais agus a úsáideann go rialta lasmuigh den seomra ranga í. Mar eagraíocht a fheidhmíonn lasmuigh den Ghaeltacht go príomha, is coincheap tábhachtach é coincheap an nuachainteora a bhfuil baint lárnach aige le hobair Fhoras na Gaeilge.

## An claochlú sóisialta

Ní mór suntas a thabhairt don chlaochlú sóisialta i gcomhthéacs an obair athneartaithe teanga, agus sa chomhthéacs sin, is cuí aird a tharraingt ar an leabhar Language Revitalisation and Social Transformation (Palgrave Macmillan, 2021). Tugann údair an leabhair seo orainn an polasaí teanga a athshamhlú i bhfianaise athruithe sóisialta, eacnamaíocha, teicneolaíochta agus polaitiúla a bhfuil mórthionchar acu ar theangacha mionlaithe ar nós na Gaeilge, agus

tarraingíonn siad aird ar cheithre mhórcheist chun treoir a thabhairt dá n-anailís ar an gclaochlú sóisialta agus an t-athneartú teanga:

1. An seachadadh teanga agus claochlú an teaghlaigh.
2. An ghluaiseacht, an pobal agus an úsáid teanga.
3. An domhandú agus an t-athneartú teanga.
4. An rialachas agus an próiseas ceaptha polasaí.

Tá na ceisteanna sin ar fad thar a bheith ábhartha do chás na Gaeilge agus don Treo Straitéiseach seo.

# Stádas na Gaeilge ó dheas

Tugadh aitheantas speisialta don Ghaeilge i mBunreacht 1922 agus bhí polasaí teanga á chur i gcrích go príomha trí ról lárnach a bheith ag an nGaeilge sa chóras oideachais. Beartaíodh ról ar leith a thabhairt don státseirbhís i gcur chun cinn na teanga; go dtí 1974 bhí tuiscint ar an nGaeilge riachtanach le haghaidh post sa státseirbhís agus go dtí 2013 thugtaí marcanna breise d'iarrthóirí a rinne scrúduithe iontrála na státseirbhíse trí mheán na Gaeilge. Tugadh faoi phleanáil chorpais don teanga féin freisin nuair a foilsíodh Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil in 1958, caighdeán a chuir an teanga in oiriúint don saol nua-aimseartha as aghaidh a thabhairt ar na malartuithe litrithe agus dúshláin chló agus nuathéarmaíochta sa teanga, agus foilsiú mhórfhoclóirí Béarla-Gaeilge de Bhaldraithe in 1958, agus Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill in 1977. In 2003 achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla a thug ann do bhunú Oifig an Choimisinéara Teanga agus a chuir an chéad reachtaíocht chuimsitheach do sheirbhísí Gaeilge i bhfeidhm. Achtaíodh reachtaíocht leasaithe, Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), in 2021, a bhfuil sé d'aidhm aici bonn níos láidre a chur faoi sheirbhísí Gaeilge. Leag an tAcht leasaithe 1) go mbeidh 20% d'earcaigh chuig an tseirbhís phoiblí inniúil sa Ghaeilge faoi 31 Nollaig 2030, 2) go gcuirfear gach seirbhís phoiblí sa Ghaeltacht agus don Ghaeltacht ar fáil i nGaeilge, 3)

go mbeidh gach oifig phoiblí lonnaithe sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí Ghaeilge, 4) go ndéanfar Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge a fhorbairt, 5) go dtiocfaidh córas na gcaighdeán teanga in áit na scéimeanna teanga, agus 6) go mbunófar Coiste Comhairleach reachtúil, a thacóidh le mórspriocanna an achta a bhaint amach. Tosaíodh ag feidhmiú an Achta in 2022.

Maidir leis an nGaeltacht, tugadh aitheantas reachtúil di mar cheantar ar leith nuair a leag Coimisiún na Gaeltachta an teorainn síos in 1926. Ó bunaíodh Roinn na Gaeltachta sa bhliain 1956 tá cúram na Gaeltachta, móide cúram na Gaeilge i gcoitinne, luaite le haireacht nó mar chuid d'aireacht Rialtais. Bunaíodh Údarás na Gaeltachta in 1979 a raibh dualgais eacnamaíocha, cultúrtha agus theanga air i leith na Gaeltachta mar cheantar tíreolaíochta. Le 25 bliain anuas, ba é bunú Choimisiún na Gaeltachta in 2000 an príomhléiriú ar thiomantas ar leith do chás na Gaeltachta. D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil dhá bhliain ina dhiaidh sin, agus tá a rian ar ar tharla ina dhiaidh sin, go háirithe ar *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge* (2006) agus ar *Straitéis 20 Bliain na Gaeilge 2010–30*. Thug an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2007) léargas ar ghéarchéim na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht. In 2018 d'fhoilsigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Plean Gníomhaíochta 2018–22 bunaithe ar an Straitéis 20 Bliain inar luadh gníomhartha sonracha chun leas na Gaeltachta agus na Gaeilge araon.

Nuair a achtaíodh Acht na Gaeltachta in 2012, cuireadh bonn faoin bpleanáil teanga sa Ghaeltacht nuair a roinneadh na ceantair sin idir 26 Limistéar Pleanála Teanga. D'aithin an tAcht freisin tionchar na mbailte a mbíonn muintir na Gaeltachta ag brath orthu maidir le seirbhísí áirithe, na Bailte Seirbhíse Gaeltachta, agus chruthaigh sé deis do cheantair lasmuigh den Ghaeltacht stádas oifigiúil teangeolaíoch a bhaint amach mar Líonra Gaeilge. Ag tús an *Treo Straitéisigh* seo, bhí trí cheantar aitheanta mar Líonra Gaeilge ó dheas agus dhá cheann ó thuaidh. Faoin acht, tugadh saindualgais bhreise

d’Fhoras na Gaeilge an próiseas pleanála teanga sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta taobh amuigh den Ghaeltacht agus sna Líonraí Gaeilge a riar.

## Stádas na Gaeilge ó thuaidh

Nuair a bunaíodh Tuaisceart Éireann in 1921 bhí pobail labhartha Gaeilge fós ann agus mhair cainteoirí dúchais i gceantair scáinte Ghaeltachta go dtí deireadh na 1960í. Cuireadh cor suntasach i scéal na Gaeilge ó thuaidh i ndeireadh na 1960í nuair a bunaíodh pobal Bhóthar Seoighe in iarthar Bhéal Feirste agus tháinig borradh suntasach faoi fhás na Gaelscolaíochta ón uair sin i leith go dtí gur síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta in 1998. Sa lá atá inniu ann tá pobal na Gaeilge bunaithe ar fhoghlaimeoirí, go leor díobh a thug an Ghaeilge ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. San áireamh i bpobal labhartha na Gaeilge ó thuaidh sa lá atá inniu ann chomh maith, tá daltaí atá ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge ag an mbun agus iar-bhunleibhéal i scoileanna lán-Ghaeilge. Mar an gcéanna leis an scéal ó dheas, tá an teanga ag brath ar an gcóras oideachais le pobal cainteoirí a chruthú.

Mar thoradh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta in 1998 a bunaíodh an Foras Teanga in 1999, a chuimsíonn Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise araon. Faoi Acht Thuaisceart Éireann 1998 freisin, tá dualgas reachtúil ar an bhFeidhmeannas glacadh le straitéis maidir le cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge. In 2022, rinne painéal comhairleach saineolach moltaí maidir leis an straitéis don Ghaeilge agus tá na moltaí á meas i gcónaí. Ag eascairt ó Chomhaontú Aoine an Chéasta in 1998, cuireadh bonn seasmhach, státurraithe faoin nGaelscolaíocht ó thuaidh nuair a bunaíodh Comhairle na Gaelscolaíochta agus Iontaobhas na Gaelscolaíochta.

In 2001 ghlac rialtas na Breataine leis an gCairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chuir dualgais áirithe air i

leith na Gaeilge agus na hUltaise. Forbraíodh stádas dlíthiúil na teanga ó thuaidh tuilleadh nuair a d'achtaigh rialtas na Breataine an tAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) in 2022. Reachtaíocht shuntasach a bhí san acht, a leag amach na príomhfhorálacha seo a leanas: 1) go n-aistarraingeofar an tAcht um Riar an Chirt (Teanga) (Éire) 1737, a chuir cosc ar úsáid na Gaeilge sa chúirt; 2) go dtabharfar stádas oifigiúil sa dlí don Ghaeilge agus don Ultais; 3) go gceapfar beirt Choimisinéirí, duine amháin don Ghaeilge agus duine eile don Ultais agus don traidisiún Briotanach-Ultach; 4) go leagfaidh Coimisinéir na Gaeilge amach caighdeáin dea-chleachtais faoi úsáid na Gaeilge sa státchóras; 5) go mbeidh aird chuí ag gach comhlacht poiblí ar na caighdeáin dea-chleachtais agus go n-ullmhóidh siad plean ina léireofar conas a chomhlíonfar iad; agus 6) go mbunófar Oifig um Fhéiniúlacht agus Léiriú Cultúrtha.

Bhí an tacaíocht a thug Foras na Gaeilge ó 1999 ar aghaidh an-tábhachtach d'fhorbairt na Gaeilge ó thuaidh. Mar shampla, tá tacaíocht leanúnach tugtha againn don dá Chultúrlann i mBéal Feirste agus i nDoire agus go stairiúil d'éascaíomar an phleanáil teanga sa phobal go suntasach ó thuaidh tríd an Scéim Pobal Gaeilge agus an Scéim Raidió Pobail. Ó 2018 tá múnla an Líonra Gaeilge, mar a leagadh amach é in Acht na Gaeltachta 2012, leathnaithe ag Foras na Gaeilge go dtí an Tuaisceart agus bhí an stádas sin ag dhá cheantar ag tús an Treo Straitéisigh seo.

# Treochtaí reatha sa dá dhlínse

Tá dearcadh dearfach ag an bpobal i leith na Gaeilge sa dá dhlínse, agus is bonn tacaíochta ríthábhachtach é sin don pholasaí teanga. Sa saothar mórthaighde a choimisiúnaíomar in 2015, léirigh 67% den phobal ó dheas agus 45% den phobal ó thuaidh tuairim dhearfach i leith na Gaeilge agus as na daoine a léirigh tuairim ina taobh bhí móramh sa dá dhlínse i bhfabhar an teanga a mhúineadh do pháistí. Thairis sin léiríonn torthaí na ndaonáireamh a rinne an Phríomh-Oifig

Staidrimh in 2022 agus Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde in 2021 go bhfuil eolas ar an nGaeilge ag 40% den phobal ó dheas agus ag 12% ó thuaidh. Maidir le minicíocht labhartha, dúirt 115,065 (2.3%) freagróir ar dhaonáireamh 2022 ó dheas go labhraíonn siad an Ghaeilge go seachtainiúil taobh amuigh den chóras oideachais agus dúirt 71,968 (1.4%) go labhraíonn siad í go laethúil taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais. Ó thuaidh, shonraigh 228,600 (12.4%) freagróir ar dhaonáireamh 2021 go raibh eolas áirithe ar an nGaeilge acu agus thuairisc 6,000 duine (0.3%) den daonra gurbh í an Ghaeilge a bpríomhtheanga.

Ceann de na rudaí is mó a léiríonn tiomantas an phobail don teanga ar fud an oileáin ná an fhorbairt ar earnáil na Gaelscolaíochta le 40 bliain anuas. In 1972 ní raibh ach 11 bunscoil agus 5 iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ann; in 2021 bhí 188 bunscoil agus 52 iar-bhunscoil ann agus bíonn an t-éileamh ar an nGaeloideachas i gcónaí chun tosaigh go mór ar an soláthar. Mar shampla, sa mhórshuirbhé ar dhearcadh an phobail ar an nGaeilge, chuir beagnach ceathrú na bhfreagróirí (23%) ó dheas in iúl go smaoineoidís ar pháiste a chur go bunscoil lán-Ghaeilge nó go ndéanfaidís amhlaidh dá mbeadh Gaelscoil in aice baile.

Is é an dúshlán sna blianta amach romhainn le linn thréimhse an *Treo Straitéisigh* seo tógáil ar na forbairtí seo trí chur go céimniúil le bunmhaoiniú Fhoras na Gaeilge ag an dá Rialtas agus tionscnaimh eile fós a thabhairt chun cinn le coinneáil bord ar bord leis an éileamh leanúnach ar an nGaeilge agus an spéis mhór atá ag an bpobal inti.

# MÓRCHUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Is doiciméad ardleibhéal é an Treo Straitéiseach seo a leagann amach na mórchuspóirí atá ag Foras na Gaeilge mar eagraíocht agus a chlúdaíonn na réimsí den saol atá aitheanta againne mar thosaíochtaí

chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an oileáin. Is ar an Treo Straitéiseach a bhunófar an chéad Phlean Corparáideach eile agus na Pleananna Gnó bliantúla as seo go 2030 agus mar sin is bunchloch faoi phleanáil chorparáideach agus straitéiseach na heagraíochta é. Níl sé d'aidhm ag an Treo Straitéiseach mionsonraí a thabhairt faoi bhuiséad, amscála ná cur i bhfeidhm ach mianta straitéiseacha na heagraíochta a leagan amach ag an leibhéal is airde. Is iad an Plean Corparáideach agus na Pleananna Gnó bliantúla an mheicníocht a úsáidfear chun na sonraí sin a sholáthar agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Treo Straitéisigh.

Tá 4 Mhórchuspóir Straitéiseacha sa Treo Straitéiseach a chuimsíonn obair uile Fhoras na Gaeilge. Baineann an chéad 3 Mhórchuspóir le hobair sheachtrach na heagraíochta sa phobal: (1) Cumas Teanga, (2) Úsáid Teanga agus (3) Stádas agus Dearcadh Teanga. Tá na cuspóirí sin ag teacht le prionsabail na pleanála teanga a aithníonn an gá le bearta éagsúla idirghabhála chun tacú le mionteanga ar nós na Gaeilge. Is le gnóthaí inmheánacha na heagraíochta a bhaineann an ceathrú ceann, is é sin (4) rialachas eagraíochtúil. Aithníonn sé sin an gá le dea-rialachas a chinntiú chun gur féidir linn an obair eile a dhéanamh go héifeachtach. I gcás Mhorchuspóirí 1-3, aithnítear an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíocht leis na Ceanneagraíochtaí Gaeilge agus le deontaithe eile chun na bearta éagsúla a chur i gcrích.

# MÓRCHUSPÓIR STRAITÉISEACH 1: CUMAS TEANGA

Is é an cumas bunchloch na pleanála teanga, mar gan inniúlacht sa Ghaeilge a bheith ag dóthain daoine, ní féidir cur le deiseanna úsáide sa tsochaí. Cuimsíonn an Mórchuspóir seo an córas oideachais, deiseanna eile foghlama agus na hacmhainní teanga a thacaíonn le foghlaim agus sealbhú na Gaeilge chun gur féidir í a úsáid ag gach leibhéal sa tsochaí. Baineann barrtháibhacht leis an teicneolaíocht

dhigiteach chun an pobal a chumasú sa Ghaeilge agus mar sin, leagtar béim ar leith ar an ngné sin sa Mhórchuspóir seo agus go deimhin sa Treo Straitéiseach ar fad. Aithníonn Foras na Gaeilge tábhacht na gcláracha oibre a aontaítear leis na Ceanneagraíochtaí oideachais Gaeloideachas, Gael Linn agus Cumann na bhFiann chun tacú lena n-aidhmeanna cumas Gaeilge an phobail a threisiú.

## 1.1 Oideachas

Chun an pobal a chumasú sa Ghaeilge, is gá a chinntiú go bhfuil soláthar cuí agus inrochtana ar fáil ag gach leibhéal den chóras oideachais, ón réamhscolaíocht go dtí an ollscolaíocht. San áireamh ansin tá na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla – cnámh droma an chórais oideachais sa dá dhlínse toisc go bhfreastalaíonn siad ar fhormhór an phobail – chomh maith le Gaelscoileanna/Gaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta. Tá feidhm reachtúil ag Foras na Gaeilge tacú le múineadh na Gaeilge agus le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus mar sin, déanfaimid sraith moltaí sa Treo Straitéiseach seo chun an dá ghné sin a threisiú. Aithnímid an obair fhiúntach atá déanta ag na Ceanneagraíochtaí Conradh na Gaeilge, Gaeloideachas agus Gael Linn maidir le cur chun cinn mhúineadh na Gaeilge agus an oideachais trí Ghaeilge agus leanfaimid orainn de bheith ag tacú leis sin trínár ról comhairleach leis na Rialtais. Sa bhreis ar an oideachas foirmeálta i gcomhthéacs institiúideach, baineann tábhacht ar leith le foghlaim na Gaeilge i measc daoine fásta agus mar sin, cuimsíonn an Mórchuspóir seo an ghné sin chomh maith.

### 1.1.1 Réamhscolaíocht, naíolanna agus cúram lae

Tá nádúr an tsaoil athraithe as cuimse le glúin anuas agus san áireamh ansin tharla claochlú i saol an teaghlaigh chomh maith. Agus níos mó tuismitheoirí nó caomhnóirí ná riamh páirteach sa lucht saothair, tá géarghá le tuilleadh áiseanna gairmiúla a dhéanfadh cúram de pháistí in aois réamhscoile – naíonraí, naíolanna agus cúram lae go ginearálta.

Teastaíonn athrú ó bhonn anseo mar tá an t-oideachas luathóige ag brath go hiomlán ar an earnáil phríobháideach faoi láthair agus níl cúram á dhéanamh de riachtanais páistí a bhfuil Gaeilge acu mar theanga teaghlaigh nó ar mian le tuismitheoirí/caomhnóirí cur lena gcumas sa teanga. Is bunchloch don Ghaelscolaíocht atá i gceist anseo, agus is seirbhís riachtanach é an cúram leanaí trí Ghaeilge le haghaidh tuismitheoirí atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge. Gan infheistíocht chuí ag leibhéal na réamhscolaíochta/an chúraim luathóige, ní féidir spriocanna fáis maidir leis na scoileanna lán- Ghaeilge a bhaint amach. Faoi láthair, cuimsíonn réimsí freagrachta na Ceanneagraíochta Gaeloideachas an réamhscolaíocht ach ní leor na hacmhainní atá ar fáil di chun an earnáil a fhás go straitéiseach.

Tá an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais ó dheas ag tiomsú plean cuimsitheach Gaeilge don luathóige agus tá súil ag Foras na Gaeilge tacú le feidhmiú an phlean sin. Le linn na tréimhse straitéisí seo, beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh a chinntiú go ndéanfar i bhfad níos mó infheistíochta sa réimse seo chun bonn níos láidre a chur faoin tumoideachas luathóige i gcomhpháirt leis an gCeanneagraíocht Gaeloideachas agus páirtithe leasmhara eile.

Úsáidfimid an próiseas pleanála teanga chun tacú le bunú naíolainne i ngach Baile Seirbhíse Gaeltachta agus Líonra Gaeilge le linn thréimhse an Treo Straitéisigh seo. Beidh infheistíocht chaipitil de dhíth chuige sin sna ceantair phleanála teanga, agus tacaíocht do na grúpaí pobail atá ag stiúradh fheidhmiú na bpleananna teanga. Beidh acmhainní breise ag teastáil, go háirithe in oiliúint agus i gcumasú foirne.

Chomh maith leis sin, molfaimid gur gá struchtúr níos inbhuanaithí san earnáil seo agus gur cheart foghlaim ón dea-chleachtas i dtíortha eile, mar shampla Albain áit a bhfuil bonn níos láidre faoin réamhscolaíocht trí mheán na Gaeilge toisc í a bheith faoi chúram na n-údarás áitiúil. Ní leor tuarastal, coinníollacha oibre ná stádas na bhfostaithe san earnáil seo faoi láthair agus tá sí i mbaol teipe ag ráta ard athraithe foirne.

Cuirfidh Foras na Gaeilge comhairle ar na húdaráis go bhfuil sé riachtanach bonn láidir a chur faoi stádas na hearnála luathóige agus struchtúr cuí tacaíochta a chur i bhfeidhm tríd an gCeanneagraíocht Gaeloideachas agus tríd an phleanáil teanga.

### 1.1.2 Scoileanna Béarla

Tá ról fíorthábhachtach ag na scoileanna Béarla ó dheas le cinntiú go mbeidh deis ag gach dalta an Ghaeilge a fhoghlaim agus go gcuirfear eolas faoi sheasamh na teanga sa tsochaí ina láthair ar fáil dóibh. Ba cheart go dtacódh an t-eolas teangeolaíoch agus sochtheangeolaíoch sin le dearcadh níos dearfaí i leith na Gaeilge i measc na ndaltaí féin agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí, rud atá riachtanach mar thacaíocht níos leithne do pholasaí Gaeilge Rialtas na hÉireann.

Tá líon na ndaltaí a ghlacann an Ghaeilge mar ábhar GCSE sna scoileanna Béarla ó thuaidh i ndiaidh titim go tubaisteach le blianta beaga anuas. Tá rochtain níos leithne ar an teanga riachtanach chun tuilleadh páistí sa Tuaisceart a chumasú inti agus chun feasacht níos láidre ina leith a chothú, go háirithe sa phobal Protastúnach/Aontachtach/Dílseach (PAD). Tá riachtanas ar leith i gceist i scoileanna ina mbaineann tromlach na ndaltaí leis an bpobal PAD, áit nach raibh an Ghaeilge á teagasc go stairiúil. Is féidir cur leis na deiseanna rochtana Gaeilge sna scoileanna sin, mar shampla trí bhlaiseadh den teanga agus den chultúr Gaelach a thairiscint. Leanfaidh Foras na Gaeilge de bheith ag obair ar an gceist seo i gcomhpháirt lenár gcomhpháirtí TURAS in oirthear Bhéal Feirste, a chuireann an Ghaeilge chun cinn sa phobal PAD, agus i gcomhpháirt leis an gCeanneagraíocht Gael Linn ó thuaidh agus ó dheas a chuireann an Ghaeilge chun cinn i scoileanna Béarla. Déanfar sin, mar shampla, trí thuilleadh infheistíochta i dtionscadail ar nós Gaelbhratach agus Scoil Spreagtha.

Creideann Foras na Gaeilge go bhfuil díobháil as cuimse déanta ag an gcóras díolúintí do stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar i gcóras Rialtas

na hÉireann. Lena bhfuil de bhorradh tagtha faoi líon na ndaltaí a mbronntar díolúintí ón nGaeilge orthu, tá an baol ann go mbrúfaidh an cur chuige seo an Ghaeilge roghnach chun cinn agus go mbainfear an bonn de cheann de na tacaíochtaí stáit is tábhachtaí dá bhfuil ann. Leanfaidh Foras na Gaeilge de bheith ag tacú leis an Roinn Oideachais agus Óige ó dheas chun teacht ar bhealaí chun fáil réidh leis an gcóras neamhiontaofa seo agus leanfaimid de bheith ag cur comhairle ar an Roinn chun tacaíocht bhreise leis an nGaeilge a thabhairt do dhaltaí i scoileanna Béarla.

Creideann Foras na Gaeilge gur gá feabhas a chur ar chaighdeán Gaeilge roinnt múinteoirí, mar atá aitheanta i dtuarascálacha Phríomh-Chigire na Roinne Oideachais agus Óige ó dheas le 10 mbliana anuas agus i dtuarascálacha éagsúla taighde. Cur chuige córasach a theastaíonn anseo, a chuimseoidh oiliúint múinteoirí sa chóras tríú leibhéal agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Tacaímid le moladh Languages Connect go gcuirfí caighdeáin Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha i bhfeidhm sna hollscoileanna ionas gur féidir a dhearbhú go mbeidh ar chumas múinteoirí nuacháilithe clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Chuige sin, leanfaimid de bheith ag tacú le Gael Linn mar Cheanneagraíocht a reáchtálann an Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge agus oibreoimid i bpáirt leis an earnáil tríú leibhéal chun deiseanna forbartha a thapú a chuirfidh feabhas ar chaighdeán na Gaeilge i measc múinteoirí (féach 1.1.4 thíos).

### 1.1.3 Gaelscolaíocht

Is léir go bhfuil ag éirí go maith leis an nGaelscolaíocht ó thaobh an tsealbhaithe teanga de agus mar sin is ceart féachaint ar an earnáil mar spreagadh barrthábhachtach chun tacú le forbairt pobal Gaeilge ar fud an oileáin. Tá fás na hearnála ina stad le blianta sa dá dhlínse, áfach, agus baineann dúshláin mhóra le haistriú daltaí ón leibhéal bunscoile go dtí an leibhéal iar-bhunscoile. Is mórimní é an staid

reatha i dtaca le cumasú tuilleadh páistí sa Ghaeilge, go háirithe nuair a fhéachtar ar chomhthéacsanna sochtheangeolaíochta atá réasúnta cosúil le hÉirinn ar nós na Breataine Bige agus Thír na mBascach, áit a bhfuil sciar i bhfad níos airde páistí páirteach sa chóras tumoideachais. Tá fás ad hoc ag tarlú in áiteanna ach tá daonra na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna ag titim agus theip ar an sprioc i gclár Rialtas na hÉireann (2020) go ndéanfaí líon na ndaltaí tumoideachais a dhúbailt le linn shaolré an rialtais sin. Tá brú mór ar an dá mheánscoil lán-Ghaeilge ó thuaidh agus bacanna struchtúrtha ar fhorbairt na hearnála ansin chomh maith.

Ag cur san áireamh go léiríonn suirbhéanna éagsúla go mbeadh tuismitheoirí/caomhnóirí sásta a gcuid páistí a chur chuig soláthar Gaeloideachais ach é sin a bheith ar fáil, is mithid tabhairt faoi na dúshláin struchtúrtha, spriocanna uaillmhianacha a leagan síos agus acmhainní cuí a sholáthar chun go mbeidh an soláthar Gaeloideachais sa dá dhlínse níos gaire do chomhthéacsanna comhchosúla eile. Mar chuid de sin, is gá múnla nua chun tacú le scoileanna ó dheas atá ag iarraidh aistriú ó bheith ina scoileanna Béarla go Gaelscoileanna.

Aithníonn Foras na Gaeilge go bhfuil an Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge, tionscnamh nua de chuid Rialtas na hÉireann faoin tumoideachas lasmuigh den Ghaeltacht, ar na bacáin agus an Treo Straitéiseach seo á scríobh. Sa tréimhse straitéiseach seo romhainn treiseoimid ar ár ról comhairleach chun a chinntiú go gcuirfear an polasaí sin i bhfeidhm agus go rachfar i ngleic le heaspa fáis na Gaelscolaíochta ó thuaidh agus ó dheas. I bpáirt leis an gCeanneagraíocht Gaeloideachas, úsáidfimid ár ról comhairleach chomh maith chun tacú leis na húdaráis sainiú agus soiléiriú a dhéanamh ar an bhfís atá ag na Ranna Oideachais don tumoideachas Gaeilge ag na leibhéil éagsúla.

Laistigh d'earnáil na Gaelscolaíochta féin, aithníonn Foras na Gaeilge an géarghá atá le tuilleadh acmhainní chun tacú le sealbhú na Gaeilge sa seomra ranga. Chuige sin, trínár gcuid oibre féin sa Ghúm agus i

bpáirt le geallsealbhóirí eile ar nós an Áisaonaid Lán-Ghaeilge i gColáiste Naomh Muire, Béal Feirste agus na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), beimid ag iarraidh a chinntiú go ndéanfar breis infheistíochta i raon níos leithne áiseanna, idir leabhair agus acmhainní idirghníomhacha, ag teacht i dtír ar an teicneolaíocht dhigiteach. Beimid ag iarraidh tacú leis an an Roinn Oideachais agus Óige ó dheas tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa scéim OIDE a chuimsíonn Forbairt Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT), cur chuige ar féidir é a úsáid sa chóras Gaeloideachais agus sna scoileanna Béarla araon chun cur le cumas daltaí sa Ghaeilge.

Aithnímid chomh maith an gá le tacú le páistí sa chóras lán-Ghaeilge a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tacóimid leis an gCeanneagraíocht Gaeloideachas lena cuid oibre sa réimse seo, agus cinnteoimid go gcuirfear an ghné sin san áireamh i gcur i bhfeidhm an Phlean Dhigitigh don Ghaeilge (2022). Maidir le gníomhaíochtaí seachscoile, leanfaimid lenár n-infheistíocht i gcampaí samhraidh, i gclubanna óige agus in ócáidí agus imeachtaí neamhfhoirmeálta eile, i gcomhar leis na Ceanneagraíochtaí atá gníomhach sa réimse seo, Cumann na bhFiann agus Gael Linn, agus a bhfuil sé d'aidhm acu cur le cumas páistí scoile sa Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga.

### 1.1.4 Ollscolaíocht

Baineann tábhacht ar leith leis na hollscoileanna i bhfianaise sprioc reachtúil Rialtas na hÉireann go mbeadh an Ghaeilge ar a dtoil ag 20% de dhaoine a earcaítear chuig an tseirbhís phoiblí faoi 2030, agus i gcomhthéacs reachtaíochta nua faoin nGaeilge a bheith i bhfeidhm ó thuaidh. Sa dá chás, beidh gá le tuilleadh céimithe a bhfuil ardscileanna Gaeilge acu chun freastal ar an éileamh ar sholáthar seirbhísí Gaeilge lena n-áirítear poist riaracháin, róil bhainistíochta agus sainseirbhísí aistriúcháin agus teicniúla. Seachas bunchéimeanna BA sa Ghaeilge féin agus roghanna teoranta eile (in Ollscoil na Gaillimhe agus in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath den chuid is mó),

is beag oideachas ollscoile trí mheán na Gaeilge atá ar fáil. Tá géarghá le dul i ngleic leis seo mar chuid de straitéis níos leithne chun an Ghaeilge a fhorbairt ag gach leibhéal den chóras oideachais.

Cuireann Foras na Gaeilge fáilte roimh chóras na micrichreidmheasanna atá forbartha ag Cumann Ollscoileanna Éireann chun cúrsaí gearra, creidiúnaithe a sholáthar le freastal ar riachtanais foghlaimeoirí agus gnólachtaí. Tá roinnt modúil ollscoile i nGaeilge ar fáil cheana féin a bhféadfadh scoláirí agus/nó daoine gairmiúla clárú dóibh ach is gá tuilleadh roghanna a sholáthar agus margaíocht níos éifeachtaí a dhéanamh orthu go córasach. Ba thairbheach dá dtabharfaí rogha uilíoch do scoláirí ollscoile ar fud na tíre modúl amháin Gaeilge (5 ECTS) a roghnú in aghaidh na bliana, beag beann ar an gcéim atá á déanamh acu. Chomh maith leis sin, bhainfeadh tairbhe as cuimse le seimeastar Gaeltachta agus socrúchán oibre trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil do gach scoláire Gaeilge tríú leibhéal chun cur lena gcumas Gaeilge agus lena dtaithí ghairmiúil araon.

Mar chuid den fhorbairt seo, aithnímid chomh maith gur gá cur go mór leis na roghanna ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) atá ar fáil trí Ghaeilge, go háirithe i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhíonn ag scoileanna lán-Ghaeilge teacht ar mhúinteoirí eolaíochta a bhfuil Gaeilge acu. Mar thús, beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh dul i bhfeidhm ar sholáthróirí chun tacú leo soláthar teoranta a chur ar fáil ar bonn incriminteach ag leibhéal fochéime in institiúid amháin agus/nó tuilleadh scoláireachtaí a thabhairt do scoláirí atá cáilithe cheana in ábhair ETIM agus ar mian leo cúrsaí iarchéime in oideachas trí mheán na Gaeilge a dhéanamh. Molaimid freisin go mbeadh deis ag gach mac léinn atá ag gabháil do chúrsa bunchéime sa Ghaeilge nó trí mheán na Gaeilge modúl a dhéanamh sa tsochtheangeolaíocht agus/nó sa phleanáil teanga. I measc na bhféidearthachtaí eile a scrúdóimid le linn thréimhse an Treo Straitéisigh, tá teastais agus/nó modúil aonair trí mheán na

Gaeilge sa bhainistíocht, sa riarachán poiblí, sa mhargaíocht agus san fhógraíocht, ábhair a thacódh le hullmhú céimithe don tseirbhís phoiblí dhátheangach.

Aithníonn Foras na Gaeilge go bhfuil ról aige comhairle a chur ar an an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ó dheas, ar Chumann Ollscoileanna Éireann agus ar na hollscoileanna féin maidir le soláthar cúrsaí agus tacaíochtaí eile trí mheán na Gaeilge mar chuid de straitéis náisiúnta chun an sprioc 20% d'earcaigh sa tseirbhís phoiblí a bhaint amach. Tapóimid an deis sin le linn na tréimhse straitéisí seo.

### 1.1.5 Foghlaimeoirí fásta

Chomh maith leis an oideachas foirmeálta, aithníonn Foras na Gaeilge go mbaineann barrthábhacht le deiseanna eile foghlama do dhaoine fásta a chuimseoidh roghanna éagsúla idir chiorcail chomhrá agus chúrsaí saindeartha creidiúnaithe. Aithnítear i gcomhthéacsanna éagsúla mionteangacha gur mór an bhearna a bhíonn idir aois fágála na scoile agus an chéad teagmháil eile leis an teanga, suas le 10 mbliana go minic, agus léiríonn staitisticí daonáirimh sa dá dhlínse in Éirinn go dtiteann an cumas Gaeilge le linn na bhfichidí tar éis do dhaoine an scoil a fhágáil. In Éirinn, bíonn soláthróirí éagsúla idir ollscoileanna agus ghnólachtaí príobháideacha in iomaíocht le chéile agus is deacair don fhoghlaimeoir teacht ar eolas go lárnach faoi na roghanna atá ar fáil agus bíonn éagsúlacht san ábhar teagaisc ó áit go chéile chomh maith.

Aithníonn Foras na Gaeilge an tábhacht a bhaineann le soláthar comónta cúrsaí agus deiseanna foghlama a thairiscint d'fhoghlaimeoirí fásta mar dhlúthchuid de straitéis chun cur le cumas Gaeilge an phobail agus chuige sin, thacaíomar go stairiúil leis an Teastas Eorpach sa Ghaeilge (TEG) in Ollscoil Mhá Nuad a chuireann cúrsaí creidiúnaithe ar fáil a chuimsíonn rogha leathan stíleanna agus réimeanna teanga, saibhreas na gcanúintí Gaeltachta san áireamh.

Le linn na tréimhse straitéisí seo, beidh sé ina chabhair taighde a dhéanamh faoin soláthar reatha a chuimseoidh mionscagadh ar na roghanna éagsúla cúrsaí, an costas a bhíonn orthu, na siollabais agus na hacmhainní teagaisc a ghabhann leo agus tuairimí na soláthróirí agus na bhfoghlaimeoirí fásta araon. Mar thoradh ar an taighde sin, d'fhéadfaí suíomh gréasáin lárnach a fhorbairt, bunaithe ar shamhail Dysgu Cymraeg sa Bhreatain Bheag, a d'fheidhmeodh mar lárphointe eolais don fhoghlaimeoir fásta.

Mar chuid den soláthar do dhaoine fásta, ní mór daoine nach de bhunadh an oileáin iad a chur san áireamh. Tá c. 13% den daonra sa dá dhlínse nár tháinig ar an saol ar an oileán, agus tá baol ann nach mbeidh teacht acu ar an nGaeilge i bhfianaise bacanna breise ar nós na díolúine ón nGaeilge ó dheas, nó toisc go gcreidtear go hearráideach nach mbaineann an Ghaeilge leo go cultúrtha. Ó dheas, tá cuid mhaith den soláthar reatha do ghlantosaitheoirí bunaithe ar an tuiscint gur daoine iad na foghlaimeoirí a bhfuil roinnt Gaeilge acu cheana ach tá géarghá le cúrsaí feasachta faoin nGaeilge a bheadh dírithe ar inimircigh chomh maith le tuilleadh cúrsaí saindeartha sa Ghaeilge féin. Le linn na tréimhse straitéisí seo, tacóidh Foras na Gaeilge le taighde faoin spreagadh a bhíonn ag inimircigh tabhairt faoin nGaeilge agus iarrfaimid tuilleadh acmhainní chun forbairt chórasach a dhéanamh ar an réimse oibre seo mar chuid de straitéis d'fhoghlaimeoirí fásta. Pléifimid féidearthachtaí oiliúna Gaeilge le geallsealbhóirí eile chomh maith (mar shampla An Garda Síochána, oibrithe sláinte, an chléir in eaglaisí éagsúla) agus i gcomhar le soláthróirí aitheanta ar nós TEG agus Gaelchultúr.

## 1.2 Acmhainní teanga

Tá forbairt téarmaíochta agus foclóirí luaite go sonrach sna feidhmeanna mar a leagtar amach san Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 iad, a bhfuil Foras na Gaeilge freagrach astu. Ó bunaíodh sinn, d'aithníomar an tábhacht a bhaineann leis an bpleanáil chorpais - acmhainní foclóra agus téarmaíochta a fhorbairt -

a chuirfidh ar chumas an phobail gach gné den saol comhaimseartha, réimsí teicniúla san áireamh, a phlé trí mheán na Gaeilge.

Chuige sin, tá infheistíocht mhór déanta againn san fhoclóireacht agus sa téarmaíocht le 25 bliain anuas agus bímid lánpháirteach sa phlé faoi úsáid acmhainní teanga in institiúidí an Aontais Eorpaigh ó tugadh stádas iomlán mar theanga oifigiúil oibre don Ghaeilge iontu. D'athraigh an cinneadh sin seasamh na Gaeilge ó bhonn agus cé go mbaineann dúshláin fós le hoiliúint aistritheoirí agus go háirithe ateangairí, tá deiseanna fostaíochta den scoth ar fáil in Éirinn agus thar lear do chéimithe cumasacha a bhfuil scoth na Gaeilge acu. Bonn ar aon leis an athrú stádais sin, tá obair leanúnach déanta againn chun tacú le gairm an aistriúcháin d'fhonn ardchaighdeán a chinntiú san earnáil.

### 1.2.1 Forbairt na foclóireachta agus na téarmaíochta

Cé go bhfuil obair mhór déanta againn ar an bhfoclóireacht agus ar an téarmaíocht go háirithe le 10 mbliana anuas, aithníonn Foras na Gaeilge go bhfuil forbairt leanúnach de dhíth tar éis 2027. Beidh dhá mhórfhoclóir nua ar líne (Gaeilge-Béarla agus Gaeilge-Gaeilge) ar an bhfód faoi dheireadh na bliana sin, ach ní bheidh siad ar chomh-mhéid lena bhfuil ar fáil cheana de dheasca easpa acmhainní. Ní hé 2027 deireadh na hoibre foclóireachta, ach clochmhíle eile ar aistear níos faide a mbeidh tuilleadh infheistíochta de dhíth lena cheann scríbe a bhaint amach. Is gá tuilleadh acmhainní, ar nós foclóir Gaeilge-Fraincise mar shampla, chun freastal ar an líon mór scoláirí atá i mbun staidéir ar an dá theanga sa chóras oideachais.

I bpáirt leis an dá rialtas agus le páirtithe acadúla, oibreoidh Foras na Gaeilge i dtréimhse an Treo Straitéisigh seo i dtreo aonad buan foclóireachta agus téarmaíochta a bhunú mar shlánchuid d'obair na heagraíochta a mbeidh croímhaoiniú leanúnach ar fáil dó go fadtéarmach, is é sin go mbeadh buiséad buan aige ón dá Roinn Coimircíochta, in ionad an tsocraithe reatha atá bunaithe ar mhaoiniú imfhálaithe ó Rialtas na hÉireann amháin. Chomh maith leis sin,

leanaimid orainn ag cur leis na tairgí foclóireachta agus téarmaíochta atá againn, agus déanfaimid tuilleadh margaíochta ar na hacmhainní teanga atá ag fáil cheana – Foclóir.ie agus Teanglann.ie go príomha – le cinntiú go gcuirfidh siad tuilleadh le cumasú an phobail sa Ghaeilge labhartha agus scríofa.

### 1.2.2 Forbairt earnáil an aistriúcháin

Tá an-éileamh ar an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí ó bhunaigh Foras na Gaeilge in 2006 é. Leanfaimid orainn de bheith ag soláthar an tséala sin agus Séala nua Creidiúnaithe d'Eagarthóirí. Aithnímid go bhfuil bearnaí eile san earnáil, mar shampla san eagarthóireacht liteartha agus i dtaca le fógraíocht mar thoradh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, agus tapóimid gach deis tuilleadh acmhainní a chur i dtreo na spriocanna sin. Le linn na tréimhse straitéisí seo, rachaimid i gcomhpháirt le hOifig an Choimisinéara Teanga chun tacú le forbairt na hearnála fógraíochta trí mheán na Gaeilge a bheidh in ann freastal ar fhorálacha an achta nua agus fógraíocht ardchaighdeáin i nGaeilge a chinntiú, go háirithe sna meáin chraolta agus dhigiteacha.

### 1.2.3 Teicneolaíocht dhigiteach

Aithníonn Foras na Gaeilge na deiseanna móra don teanga a eascraíonn ó fhorbairt sa teicneolaíocht dhigiteach le blianta beaga anuas, go háirithe i dtaca leis an intleacht shaorga, mar atá leagtha amach sa Phlean Digiteach don Ghaeilge. Cuimsíonn na deiseanna sin foghlaim agus saibhriú na Gaeilge agus soláthar seirbhísí agus meáin idirghníomhacha an stáit agus na hearnála príobháidí agus deonaí. Tá impleachtaí ollmhóra ag forbairt na teicneolaíochta d'earnálacha an aistriúcháin agus na hateangaireachta araon, réimsí a bhfuil cúram barrthábhachtach ar Fhoras na Gaeilge ina leith tríd an bpleanáil chorpais. Aithnímid chomh maith go mbeidh impleachtaí suntasach ag infheistíocht sa réimse digiteach do dhaoine faoi mhíchumas agus tapóimid an deis an ghné sin a fhorbairt mar chuid dár dtiomantas don

éagsúlacht agus don chomhionannas. Beidh comhordú na hoibre seo agus feasacht ina leith mar phríomhthosaíochtaí d'Fhoras na Gaeilge le linn na tréimhse straitéisí seo.

Mar sin, cuirfimid béim ar fheidhmiú an Phlean Dhigitigh don Ghaeilge agus tabharfaimid tús áite don infheistíocht i gcorpais scríofa agus labhartha na Gaeilge ionas go mbeifear in ann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sheirbhísí ar nós sintéis chainte, aithint chainte agus meaisínaistriúchán. Mar chuid de sin, molfaimid go dtabharfar aitheantas cuí do shaibhreas na Gaeilge, do na canúintí Gaeltachta agus do stíleanna éagsúla cainte agus scríbhneoireachta. Le linn na tréimhse straitéisí seo, fiosróimid an bhféadfaí aonad teicneolaíochta a bhunú i bhForas na Gaeilge a ghlacfadh cúram straitéiseach d'fhorbairt an réimse seo amach anseo, i bpáirt le páirtithe acadúla a bhfuil an saineolas cuí acu. Leagfaimid béim ar fhorbairt chorpais na Gaeilge trí scoláireachtaí a thairiscint do dhaoine a bhfuil saineolas sa ríomheolaíocht agus/nó sa Ghaeilge acu.

# MÓRCHUSPÓIR STRAITÉISEACH 2: ÚSÁID TEANGA

Tá cur chun cinn na Gaeilge agus spreagadh úsáid na teanga ar na príomhfheidhmeanna atá ag Foras na Gaeilge agus mar sin caithimid go leor acmhainní le cur i gcrích an Mhórchuspóra seo i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile. Cheana féin, caitear cuid shuntasach de bhuiséad na heagraíochta ar an bpleanáil teanga a bhfuil sé d'aidhm aici cur le húsáid na Gaeilge i bpobail éagsúla sa dá dhlínse.

Déanaimid infheistíocht mhór sna meáin chumarsáide agus san fhoilsitheoireacht chomh maith chun cur le líon na ndaoine a úsáideann ábhar meán i nGaeilge agus chun an léitheoireacht a spreagadh. Arís eile, beidh ról barrthábhachtach ag an teicneolaíocht i bhfeidhmiú an Mhórchuspóra seo, idir sholáthar seirbhísí idirghníomhacha Gaeilge sna ceantair phleanála teanga agus fhorbairt na meán digiteach agus na foilsitheoireachta digití. Bainfimid amach na bearta i dtaca le húsáid teanga i gcomhpháirtíocht leis na Ceanneagraíochtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn sa phobal – Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Cumann na bhFiann agus Oireachtas na Gaeilge – le grúpaí Gaeilge agus le deontaithe tábhachtacha eile ar nós ár gcomhpháirtithe sna meáin chumarsáide – Tuairisc.ie, Nós.ie, Comhar, Raidió na Life agus Raidió Fáilte.

## 2.1 Pleanáil teanga sa phobal

Mar a míníodh sa réamhrá, is éard is brí leis an bpleanáil teanga an idirghabháil a dhéanann an stát chun tacú leis an nGaeilge i réimsí éagsúla úsáide, oideachais agus stádais. Déantar sin ó dheas tríd an bpróiseas pleanála teanga a sheol Rialtas na hÉireann in 2012 mar thoradh ar Acht na Gaeltachta agus tá Foras na Gaeilge ag tacú leis ó

shin i leith. Ag aithint an dea-chleachtais a bhaineann leis an bpleanáil teanga, tá an cur chuige céanna in úsáid ag Foras na Gaeilge ó thuaidh. Tá trí leibhéal thíreolaíocha sa phróiseas sin ó dheas: Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge. Glacann Údarás na Gaeltachta cúram de na Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta agus trí cinn de na Bailte Seirbhíse Gaeltachta atá suite sa Ghaeltacht, agus tá Foras na Gaeilge freagrach as tacú leis an obair sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta lasmuigh den Ghaeltacht, agus sna Líonraí Gaeilge sa dá dhlínse. Chomh maith leis an bpróiseas pleanála teanga féin, tacaíonn ár Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge (SFLG) leis an bpleanáil teanga i bpobail éagsúla sa dá dhlínse.

### 2.1.1 An próiseas pleanála teanga

Aithníonn Foras na Gaeilge go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta sa phróiseas pleanála teanga ó 2012 ach go mbaineann dúshláin mhóra leis fós. Cé go n-aithnímid gur ghlac an pobal úinéireacht ar an bpróiseas in an-chuid ceantar agus go bhfuil obair eiseamláireach ar siúl in áiteanna, ba lú an dul chun cinn a rinneadh i gceantair eile. Aithnímid chomh maith na deacrachtaí a bhíonn ag na hOifigigh Pleanála Teanga ó thaobh acmhainní, stádais agus seasmhacht fostaíochta de. Mar phríomheagraíocht na Gaeilge a bhfuil freagracht i leith comhairle agus tionchair uirthi, leanfaimid orainn ag déanamh na hargóna ar son tuilleadh acmhainní don phróiseas ionas go mbeifear ag brath níos mó feasta ar fhostaithe gairmiúla agus níos lú ar oibrithe deonacha. Mar thosaíocht, beimid ag iarraidh tuilleadh infheistíochta a dhíriú ar na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus ar chur le líon na Líonraí Gaeilge, agus leanfaimid orainn i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ag iarraidh an obair a fhorbairt sna háiteanna atá ar gcúl go dtí seo. Mar chuid den fhorbairt beimid ag iarraidh an SFLG a chur ar bonn buan mar shlánchuid d'obair na heagraíochta a dtugtar

croímhaoiniú di agus aonad pleanála teanga a fhorbairt dá réir sin. Sa tslí sin, beifear ag tacú le grúpaí pobail iad féin a fhorbairt le cur isteach ar stádas mar Líonra oifigiúil de réir mar a fhógrófar babhtaí eile sa phróiseas sin. Bainfimid amach na bearta i dtaca le forbairt na Gaeilge sa phobal i gcomhpháirtíocht le Glór na nGael, an Cheanneagraíocht a bhfuil an fhreagracht sin leagtha orthu mar chuid den Chur Chuige Comhpháirtíochta. Beimid ag iarraidh a bheith rannpháirteach i gComhchoiste Náisiúnta Pleanála Teanga i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobal agus Gaeltachta, na hoifigigh pleanála teanga agus mórán baill eile chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar an obair, go háirithe i gcás ceantair atá buailte le chéile. Oibreoimid freisin chun bonn níos inbhuanaithe a chur faoi choinníollacha fostaíochta na nOifigeach Pleanála Teanga agus na nOifigeach Gaeilge chun gairm níos tarraingtí a dhéanamh di.

### 2.1.2 Lárionaid Ghaeilge

Aithnímid an tábhacht ó thaobh na pleanála teanga a bhaineann le ‘spásanna sábháilte’ Gaeilge a chruthú, áiteanna inar féidir le foghlaimeoirí agus cainteoirí níos líofa an Ghaeilge a úsáid gan scáth, gan eagla agus fios a bheith acu go dtacófar lena n-iarrachtaí an teanga a labhairt. Is féidir le háiseanna mar sin a bheith ina gcrann taca don phobal áitiúil le haghaidh imeachtaí teanga, sainghrúpaí teanga agus le haghaidh seirbhísí teanga, cúram leanaí agus seirbhísí poiblí san áireamh. Mar chuid den phróiseas pleanála teanga, beimid ag iarraidh tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sna lárionaid Ghaeilge atá ar an bhfód cheana lena láidriú agus lena mbuanú agus feabhas a chur ar struchtúr foirne agus ar choinníollacha fostaíochta. Cuirfimid tacaíocht spriocdhírithe ar fáil do ghrúpaí pobail chun lárionaid Ghaeilge nua a fhorbairt ina gceantair, mar ‘spásanna sábháilte’ inar féidir an Ghaeilge a chur chun cinn, freastal ar dhaoine arb í an

Ghaeilge a ngnáth-theanga agus tacú le nuachainteoirí a gcuid féin a dhéanamh den teanga.

Mar dhlúthchuid den phleanáil teanga chomhtháite a theastaíonn sa phobal, tá sé mar aidhm ag Foras na Gaeilge go mbeidh pleananna forbartha le haghaidh lárionaid dá leithéid i ngach Baile Seirbhíse Gaeltachta agus gach Líonra faoi dheireadh shaolré an Treo Straitéisigh. Déanfar an obair seo i gcomhpháirt leis an gCeanneagraíocht atá freagrach as forbairt na Gaeilge sa phobal, Glór na nGael, leis na Ceanneagraíochtaí eile, le grúpaí atá maoinithe faoin SFLG, agus leis na húdaráis áitiúla.

### 2.1.3 Oiliúint agus feasacht

Aithníonn Foras na Gaeilge an gá leanúnach le hoiliúint agus feasacht chun an phleanáil teanga a fhorbairt sa tseirbhís phoiblí agus sa phobal i gcoitinne. Chuige sin, mar atá luaite ag 1.1.4 thuas, fiosróimid féidearthachtaí leis an earnáil tríú leibhéal maidir le modúil agus cláir chéime chuí chun go gcuirfear le líon na roghanna faoi na téamaí sin atá ar fáil go náisiúnta. De réir mar is féidir bunaithe ar acmhainní, tacóimid le modúil agus le cúrsaí dá leithéid trí mheán scoláireachtaí agus eile.

## 2.2 Comhionannas agus éagsúlacht

De réir Dhaonáireamh 2022, bhí beagnach 632,000 saoránach nach Éireannaigh iad ina gcónaí ó dheas, nó 12% den daonra. Ba ó bhallstáit an Aontais Eorpaigh beagnach a leath acu sin. Ba lasmuigh de Thuaisceart Éireann a rugadh beagnach 257,000 duine nó 13.5% den daonra dar le Daonáireamh 2021 ó thuaidh. Maidir le míchumas, léiríonn daonáireamh na Príomh-Oifige Staidrimh go raibh 22% den

daonra faoi mhíchumas agus ba é 24% an figiúr ábhartha i ndaonáireamh Thuaisceart Éireann.

Mar sin is léir go bhfuil sciar mór den phobal i gceist sa dá dhlínse ar féidir a rá go bhfuil bacanna breise orthu rochtain a fháil ar an nGaeilge. Mar shampla, léiríonn fianaise starógach gur féidir cúlra eitneach nó míchumas a úsáid mar leithscéal chun díolúine ón nGaeilge a bhronnadh i ndlínse Rialtas na hÉireann. Is féidir freisin go dtagann réamhchlaonta i gcoinne na Gaeilge i gceist chomh maith nuair a áitítear, mar shampla, nár chóir gur gá do dhaoine ón iasacht an teanga a fhoghlaim toisc gur inimircigh iad nó nach bhfuil féiniúlacht Éireannach acu. Tá Foras na Gaeilge den tuairim láidir go mbaineann an Ghaeilge le cách agus gur cheart go mbeadh rochtain uirthi ag gach duine sa dá dhlínse, beag beann ar a gcúlra eitneach ná ar a stádas mionlaigh.

Le linn shaolré an Treo Straitéisigh seo, i gcomhpháirt leis na Ceanneagraíochtaí agus le grúpaí maoinithe eile, oibreoidh Foras na Gaeilge go dúthrachtach le cinntiú go gcuirfear an Ghaeilge féin agus eolas faoi chúinsí na teanga faoi bhráid na bpobal mionlaigh in Éirinn. Leagfar béim ar leith ar ghníomhaíochtaí seachtracha Fhoras na Gaeilge le linn na tréimhse sin ach cuirfear scéimeanna nua reachtúla comhionannais i bhfeidhm laistigh den eagraíocht chomh maith chun cloí lenár ndualgais reachtúla agus cur le feasacht na foirne i leith na gceisteanna seo. Seo thíos na príomhbhearta seachtracha a fhorbrófar sa tréimhse straitéiseach seo.

### 2.2.1 Tacaíocht spriocdhírithe

Bhí áthas ar Fhoras na Gaeilge tacaíocht a thabhairt cheana do Céad Míle Fáilte, tionscadal de chuid Chonradh na Gaeilge a bhfuil sé d'aidhm aige cúnamh a thabhairt do dhaoine atá tagtha go hÉirinn as

tíortha éagsúla leis an nGaeilge a fhoghlaim, agus fáiltímid roimh leathnú na scéime ó shin. Mar chuid den tionscadal eagraítear ranganna, bronntar scoláireachtaí ar dhaltaí scoile le freastal ar chúrsaí Gaeltachta, eagraítear ceardlanna faoin bhfoclóir cuí le húsáid agus cuirtear lámhleabhair ar fáil chun an Ghaeilge a fhoghlaim trí theangacha éagsúla. Le linn shaolré an Treo Straitéisigh seo, beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh cur leis na hacmhainní a bheidh ar fáil chun tacú le tionscadail ar nós Céad Míle Fáilte agus le grúpaí eile Gaeilge sa phobal le freastal níos fearr a dhéanamh ar inimircigh agus pobail mhionlaigh eile.

Aithnímid an géarghá atá le tuilleadh infheistíochta i seirbhísí digiteacha a fhreastalóidh ar dhaoine faoi mhíchumas agus leanfaimid de bheith ag tacú le hobair cheannródaíoch Abair.ie i gColáiste na Tríonóide, i gcomhthéacs an Phlean Dhigitigh don Ghaeilge. Cothóimid teagmháil níos dlúithe le heagraíochtaí a chuireann ar son mionlaigh éagsúla ar nós Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann, Vision Ireland, LGBT Ireland, Africa Centre Ireland, Pavee Point, Disability Action NI etc.

### 2.2.2 Feasacht faoin éagsúlacht agus an Ghaeilge

Bunaithe ar an dea-chleachtas i dtíortha eile ar nós na Catalóine, forbróidh Foras na Gaeilge feachtais feasachta sna meáin chumarsáide inar léireofar inimircigh a bhfuil an Ghaeilge foghlamtha acu. Creidimid go mbaineann tábhacht ar leith le pobail mhóra ar nós mhuintir na hIndia, na Polainne agus na hÚcráine, toisc go bhfuil líon suntasach díobh ag cur fúthu anseo. Ceanglófar an feachtas sin lenár mórthionscnamh feasachta Creidim Ionat, agus le feachtais ar bhonn áitiúil sna ceantair phleanála teanga. Pléifear féidearthachtaí eile feasachta leis an gCeanneagraíocht Conradh na Gaeilge.

### 2.2.3 An éagsúlacht a léiriú

Leanfaimid dár bpolasaí tacú leis an éagsúlacht ar na cuntais meán sóisialta atá faoinár gcúram, trína chinntiú go léireofar an éagsúlacht chine, éagsúlacht de chineálacha eile agus an chothroime inscne in íomhánna a fhoilsímid agus go dtacófar le himeachtaí cultúrtha a bhaineann le pobail mhionlaigh in Éirinn.

### 2.2.4 Cothú na héagsúlachta sa tsochaí

Inár scéimeanna iarrfaimid ar iarrthóirí a léiriú conas a thacóidh siad le cur chun cinn an chomhionannais agus na héagsúlachta san obair a mhaoiníonn Foras na Gaeilge agus cuirfear na freagraí sin san áireamh agus iarratais á meas.

Molaimid eagraíochtaí ar nós Aerach Aiteach Gaelach agus Bród na Gaeltachta as spás a chruthú do dhaoine LADTA+ in earnáil na Gaeilge. Déanfaimid tuilleadh poiblíochta i measc grúpaí cuí ar scéimeanna dár gcuid agus ar dheiseanna eile urraíochta chun an réimse seo a fhorbairt.

Faoi Alt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann, is gá d'Fhoras na Gaeilge a bheith airdeallach ar dhea- chaidreamh a chur chun cinn idir daoine a bhfuil creidimh dhifriúla nó tuairimí polaitiúla difriúla acu nó a bhaineann le grúpaí eitneacha difriúla. Mar shampla de chur chun cinn an dea-chaidrimh, cuireann Foras na Gaeilge maoiniú mór ar fáil do Mhisean Oirthear Bhéal Feirste agus Naíscoil na Seolta, dhá thionscadal Ghaeilge in oirthear Bhéal Feirste, bíonn roinnt grúpaí a gcuirimid maoiniú ar fáil dóibh an-ghníomhach ag soláthar ranganna agus imeachtaí dírithe ar an bpobal PAD agus bíonn craoltóirí PAD le clos ar Raidió Fáilte. Leanfaimid orainn de bheith ag cothú nasc leis an bpobal PAD le linn thréimhse an Treo Straitéisigh seo.

Tá sé ar intinn ag Foras na Gaeilge ionad léirmhíniúcháin Gaeilge do chathair Bhéal Feirste a fhorbairt le linn na tréimhse straitéisí seo. Bheadh a leithéid lonnaithe i lár na cathrach in áit neodrach ó thaobh na polaitíochta de, le súil is go mbeadh sé inrochtana do chách. Tá an tionscadal á fhorbairt i gcomhthéacs an oileáin chomhroinnte mar aithnímid nach bhfuil teacht ag codanna móra den phobal ó thuaidh ar an nGaeilge, ar eolas fúithi ná ar dheiseanna chun í a fhoghlaim. Tá sin amhlaidh i gcás an phobail PAD agus i measc mionphobail éagsúla eitneacha, idir phobail nua agus phobail fhadbhunaithe.

Mar a luadh faoi 1.1.5 thuas, cinnteoimid go ndéanfar freastal ar leith ar fhoghlaimeoirí nach bhfuil cúlra Éireannach acu san athbhreithniú ar mhúineadh na Gaeilge do dhaoine fásta, le cinntiú go mbeidh teacht níos saoráidí ag níos mó daoine ar an teanga. Cinnteoimid chomh maith go mbeidh acmhainní siollabais agus foghlama in oiriúint don éagsúlacht i measc foghlaimeoirí agus go gcuirfear sin i bhfeidhm go caighdeánach.

### 2.2.5 Cothú na héagsúlachta san eagraíocht

Go hinmheánach, forbróidh Foras na Gaeilge scéimeanna nua comhionannais a shásaíonn na dualgais reachtúla sa dá dhlínse. Mar chuid díobh, beidh oiliúint leanúnach feasachta ar an bhfoireann agus bearta ar leith chun tacú le fostaithe lena mbaineann na saintréithe atá faoi chosaint, mar shampla daoine faoi mhíchumas.

## 2.3 Deiseanna úsáide

Tugann an mórthionscadal taighde Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge (2015), a ndearnamar coimisiúnú air, agus torthaí daonáirimh sa dá dhlínse mionléargas dúinn ar na háiteanna a n-úsáideann daoine an Ghaeilge agus na bearnaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Le linn

shaolré an Treo Straitéisigh, déanfaidh Foras na Gaeilge mionscagadh ar staitisticí daonáirimh agus ar thorthaí an mhórthionscadail taighde nua atá beartaithe a fhoilsiú in 2025 chun beartas na heagraíochta maidir le cothú deiseanna úsáide Gaeilge a mhúnlú don tréimhse seo romhainn.

### 2.3.1 Nuachainteoirí

Is daoine ilteangacha iad nuachainteoirí a thrasnaíonn teorainneacha sóisialta agus teangeolaíocha nuair a shealbhaíonn siad teangacha nach samhlaítear leo go stairiúil. I gcás na hÉireann, rinneadh go leor taighde ar nuachainteoirí Gaeilge agus na dúshláin a bhuaileann leo agus iad ag iarraidh cainteoirí gníomhacha, rialta a dhéanamh díobh féin. Go deimhin, ba é an t-aistriú sin ó stádas an fhoghlaimeora go stádas an chainteora an bac ba mhó a d'aithin na rannpháirtithe taighde agus, mar sin, is gá díriú ar bhearta chun tacú leo an claí sin a chur díobh. Cé go mbaineann an phleanáil teanga le gach duine in Éirinn, beag beann ar a gcúlra teangeolaíoch, toisc go mbímid ag feidhmiú lasmuigh den Ghaeltacht den chuid is mó, baineann obair Fhoras na Gaeilge go príomha le daoine ar féidir nuachainteoirí a thabhairt orthu. Is ar nuachainteoirí atá an próiseas pleanála teanga lasmuigh den Ghaeltacht dírithe agus mar sin, tá an coincheap féin agus an tacaíocht is féidir a thabhairt do nuachainteoirí an-tábhachtach dár gcuid oibre.

Luadh na 'spásanna sábháilte' cheana faoi 2.1.1, áiteanna inar féidir an Ghaeilge a labhairt gan scáth, gan eagla agus ina mbeidh fáilte roimh iarrachtaí ag gach leibhéal. Tacóidh na lárionaid Ghaeilge dár tagraíodh cheana do chruthú spásanna dá leithéid, ach aithníonn Foras na Gaeilge gur gá an coincheap a leathnú chun go gcuimseofar neartú na gciorcal comhrá, deiseanna sóisialta nua in áiteanna fisiciúla agus fíorúla araon agus saibhriú teanga do dhaoine a bhfuil Gaeilge

mhaith acu cheana féin. Trí thacú leis na lárionaid Ghaeilge agus trí scéimeanna éagsúla na heagraíochta, díreoidh Foras na Gaeilge ar na spriocanna leathana sin sa tréimhse straitéiseach atá amach romhainn.

Dúshlán eile a d'aithin nuachainteoirí Gaeilge is ea an easpa eolais faoi conas iad féin a chomhtháthú le gréasáin Ghaeilge atá ann cheana féin ar shlí a thacóidh lena gcinneadh an Ghaeilge a shealbhú. Is féidir tabhairt faoi seo trí leasuithe ar churaclaim na Gaeilge san iar-bhunscoil agus ar an tríú leibhéal, ar bhealach a chuirfidh ar a súile do dhaltaí conas na dúshláin a bhaineann le húsáid ghníomhach mionteanga a shárú. D'fhéadfaí na leasuithe seo a phíolótú go háitiúil i gceantair atá páirteach sa phróiseas pleanála teanga, mar shampla ar churaclam na hidirbhliana agus/nó mar mhodúil ollscoile ar leith. Eascraíonn deiseanna ina leith seo ón gcóras micrichreidmheasanna dár tagraíodh cheana in 1.1.4 thuas.

Ar cheann eile de na dúshláin a d'aithin nuachainteoirí tá an imní shóisialta agus an lagmhisneach a bhaineann le labhairt teanga nach bhfuil siad go hiomlán ar a gcompord inti. Tuairiscíonn roinnt nuachainteoirí gur minic a bhíonn deacrachtaí acu plé le muintir na Gaeltachta de bharr difríochtaí canúna nó cumais agus go deimhin, ní chuireann na nuachainteoirí uile rompu canúint thraidisiúnta a shealbhú, bídís in Éirinn ná i dtíortha eile. Léiríonn an taighde Eorpach gur minic a thagann leagan nua 'níos lárnaí' den teanga chun cinn i measc nuachainteoirí agus gur mian leis na daoine a chleachtann an leagan sin go n-aithneofaí mar chainteoirí dlisteanacha iad.

Ba mhaith an éagsúlacht mhór laistigh de phobal na Gaeilge a aithint sa tslí sin ionas go mbeidh múnlaí éagsúla á gcur i láthair daoine ar mian leo iompú ina nuachainteoirí. Tá go leor deiseanna ann feachtas feasachta a eagrú sna meáin chumarsáide a léireodh cineálacha

éagsúla cainteoirí Gaeilge don phobal mór agus a mbeadh sé d'aidhm aige tacú leis na cainteoirí atá ann cheana agus nuachainteoirí féideartha a spreagadh tuilleadh. Mar chuid den obair a dhéanaimid i réimse na cumarsáide, oibreoidh Foras na Gaeilge sna blianta seo romhainn ar fheachtas dá leithéid a fhorbairt, comhthreomhar le tionscnaimh feasachta eile ar nós *Creidim Ionat*, agus i gcomhar le Conradh na Gaeilge, an Cheanneagraíocht a bhíonn ag plé le feasacht ar an nGaeilge sa phobal.

### 2.3.2 Teaghlaigh

Áirítear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga teaghlaigh ina dhlúthchuid den phleanáil teanga ach aithnítear gur obair chasta, dhúshlánach í a mbaineann go leor gnéithe agus páirtithe leasmhara léi. Thug stát na hÉireann tacaíocht ar feadh blianta fada d'úsáid na Gaeilge i dteaghlaigh Ghaeltachta trí Scéim Labhairt na Gaeilge, ar tháinig deireadh léi in 2011. Níorbh ann ó shin do thacaíocht airgeadais dá leithéid, ach trí chroímhaoiniú na Ceanneagraíochta Glór na nGael, tacaíonn Foras na Gaeilge leis an gclár Teanga Tí, áis do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge. Cuireann Teanga Tí comhairle ar thuismitheoirí/ caomhnóirí faoin dea-chleachtas is fearr, cuireann sé acmhainní tacaíochta agus spraoi ar fáil agus tugann sé eolas faoi imeachtaí do theaghlaigh Ghaeilge.

Mar a luadh ag 2.2 thuas, aithníonn Foras na Gaeilge go bhfuil athrú as éadan tarlaithe ar chomhdhéanamh an teaghlaigh i gcomhthéacs sochaí níos ilghnéithí agus creidimid gur gá a chinntiú go mbeidh na deiseanna céanna tacaíochta ar fáil do gach saghas teaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge á húsáid. Beidh athbhreithniú le déanamh ar thorthaí obair Teanga Tí le linn shaolré an Treo Straitéisigh seo. Táimid ag súil le cur leis an scéim agus beidh aitheantas d'éagsúlacht an teaghlaigh mar chuid de sin.

Mar a luadh ag 1.1.1 thuas, mar chuid den raon seirbhísí a theastaíonn i dteaghlaigh ina mbíonn páistí á dtógáil le Gaeilge, cuirimid romhainn go mbeidh seirbhísí cúraim leanaí nó naíolainne bunaithe i ngach ceantar pleanála teanga atá faoinár gcúram faoi dheireadh na tréimhse straitéisí seo. Lena chois sin, leanaimid orainn ag cur maoiniú ar fail le haghaidh deiseanna úsáide sóisialta agus seachscoile don óige, campaí samhraidh san áireamh.

Leanfaimid orainn de bheith ag tacú le feachtais feasachta faoi úsáid na Gaeilge sa teaghlach i bpáirt leis an gCeanneagraíocht Glór na Gaeilge agus le grúpaí éagsúla, tuismitheoirí/caomhnóirí ar bheagán Gaeilge ina measc.

### 2.3.3 Cultúr, ealaíona agus spórt

Is geata í an Ghaeilge a ligeann do dhaoine teacht ar réimse leathan gníomhaíochtaí cultúrtha a bhíonn ina gcrann taca go minic do shealbhú agus do bheocht na teanga, go háirithe sa Ghaeltacht tríd an gceol agus na healaíona dúchais. Is fada taighde á dhéanamh ar na naisc idir an chruthaitheacht agus an cultúr agus cuireann Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe an-bhéim ar an gcultúr mar dhlúthchuid den fhorbairt dhaonna. Léiríonn an rath ar na healaíona agus na meáin Ghaeilge go n-eascraíonn buntáistí suntasacha eacnamaíocha, sóisialta agus teanga ó infheistíocht dírithe ar na réimsí oibre sin. Aithníonn Foras na Gaeilge tábhacht na n-ealaíon agus an chultúir chun cur le húsáid shóisialta, thaitneamhach na Gaeilge sa phobal agus mar sin, tugaimid tacaíocht leanúnach trínár scéimeanna éagsúla d'fhéilte agus d'ócáidí cultúrtha agus liteartha. Chomh maith le buntáistí iomadúla don fholláine, eascraíonn deiseanna den scoth ón spórt agus ón aclaíocht chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

Leanfar den tacaíocht sin sa tréimhse straitéiseach seo agus i bhfianaise ról lárnach na gComhairlí Ealaíon sa dá dhlínse, beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh dul i gcomhpháirt leo le tuilleadh acmhainní a mhealladh i dtreo na n-ealaíon teanga-bhunaithe agus i dtreo úsáid na Gaeilge sna healaíona go ginearálta.

Cuireadh tús ó dheas leis an bpróiseas chun straitéis náisiúnta chomhtháite d'ealaíona teangabhunaithe na Gaeilge a fhorbairt in 2018 nuair a luadh go sonrach í mar bheart sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2023. Tá Foras na Gaeilge luaite mar cheann de na páirtithe leasmhara sa Phlean sin agus oibreoimid i ndlúthpháirt leis an gCeanneagraíocht atá freagrach as forbairtí sa réimse seo, Oireachtas na Gaeilge, agus le grúpaí eile le haghaidh a thabhairt ar na gníomhartha atá leagtha amach sa *Straitéis d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge* agus an Plean Gníomhaíochta gaolmhar. I gcomhpháirt leis an gCeanneagraíocht Glór na nGael, pléifimid deiseanna féideartha le tacaíocht don Ghaeilge i gcúrsaí spóirt agus folláine a threisiú, bunaithe ar thaithí tionscadail ar nós Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha a chuireann an teanga chun cinn i gclubanna Chumann Lúthchleas Gael.

### 2.3.4 Geilleagar

Aithníonn Foras na Gaeilge an tábhacht a bhaineann le húsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide i gcomhthéacsanna gnó agus eacnamaíocha. Tá sé d'aidhm ag ár Scéim Tacaíochta Gnó tacú leis an mbrandáil dhátheangach, cuirimid réimse leathan áiseanna tacaíochta ar fáil agus aithníonn an Q-Mharc Gnó le Gaeilge agus GRADAIM Gnó na hÉireann sárchaighdeán seirbhíse trí mheán na Gaeilge. Tríd an gCeanneagaíocht Glór na nGael, tacaímid le GRADAIM Gnó na hÉireann go bliantúil, scéim a bhronnann aitheantas ar ghnólachtaí a dhéanann iarracht ar leith ar son na Gaeilge.

Táimid feasach go n-eascraíonn buntáiste eacnamaíoch ó úsáid na Gaeilge i gcúrsaí tráchtála agus aithnímid gur cuid den gheilleagar áitiúil agus náisiúnta atá i bpobal na Gaeilge. Tá úsáid tráchtála na Gaeilge ar cheann de na gnéithe a spreagann daoine le líofacht a chaomhnú tar éis dóibh an scoil a fhágáil agus mar sin tá sé den riachtanas an ghné seo de chur chun cinn na Gaeilge a fhorbairt. Is gá áit níos lárnaí a thabhairt don Ghaeilge sa pholasaí náisiúnta forbartha ó dheas, go háirithe i bpleananna forbartha na n-údarás áitiúil i gcontaetha ina bhfuil Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus/nó Líonraí Gaeilge.

Chun tacú leis seo, cothóimid teagmháil níos dlúithe le heagraíochtaí cuí ar nós Údarás na Gaeltachta, Glór na nGael, Fiontraíocht Éireann, Invest NI, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Pobal. I bpáirt leo, déanfaimid tuilleadh forbartha ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha trí mheán na Gaeilge sna ceantair pleanála teanga atá faoinár gcúram. Cuimseoidh sé sin úsáid na Gaeilge féin mar uirlis mhargaíochta nó bhrandála agus tacú le fiontair a oibríonn go díreach leis an nGaeilge nó a fheidhmíonn trí Ghaeilge.

Tacaímid freisin le hiarrachtaí ag ár gcomhpháirtithe ar nós Údarás na Gaeltachta agus Conradh na Gaeilge ceist na tithíochta do chainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht a fheabhsú.

### 2.3.5 Na meáin chumarsáide agus an teicneolaíocht

Is fada aitheantas á thabhairt do ról na meán cumarsáide in athneartú mionteangacha agus ó na 1960í i leith, bhí bunú cainéil raidió agus teilifíse ar leith mar bhunaidhm ag go leor eagraíochtaí teanga in iarthar domhain. Aithníonn saineolaithe go bhfuil na meáin an-tábhachtach chun mionteangacha a neartú agus chun daoine a spreagadh le hiad a úsáid. I measc na mbuntáistí sin tá cur chun cinn

mionteanga i measc an mhórphobail, cruthú deiseanna úsáide agus gréasán sóisialta don aos óg, cealú réamhchlaonta diúltacha i leith na mionteanga, cothú mhuinín na gcainteoirí, cur le haontas agus le féiniúlacht an mhionlaigh, cruthú deiseanna fostaíochta ardchaighdeáin, cur chun cinn na cruthaitheachta sa mhionteanga, cur le scileanna teanga na gcainteoirí, scaipeadh na nuathéarmaíochta agus cruthú rólchuspaí do chainteoirí óga.

Tá sé de chumas ag na réimsí sin uile tionchar dearfach a imirt ar bhunchlocha na pleanála teanga: stádas na teanga, úsáid na teanga agus dearcadh i leith na teanga. Léiríonn an taighde idirnáisiúnta gur minic a fheidhmíonn na meáin mar spásanna – fisiciúla nó fíorúla – a dhéanann normalú ar úsáid na teanga i measc cleachtóirí, agus go gcothaíonn siad caidreamh folláin leis an lucht éisteachta nó féachana. Ar na cúiseanna sin, tá Foras na Gaeilge an-tiomanta d'infheistíocht leanúnach sna meáin chumarsáide Ghaeilge, idir chlóite, dhigiteacha agus chraolta agus dá bhrí sin déanaimid maoiniú suntasach ar 2 stáisiún raidió pobail (Raidió na Life i mBaile Átha Cliath agus Raidió Fáilte i mBéal Feirste) agus ar 3 cinn de sheirbhísí clóite/digiteacha (Tuairisc. ie, Nós.ie agus Comhar).

Tá Foras na Gaeilge airdeallach ar an gclaochlú atá ag dul ar thírdhreach na meán faoi láthair agus is údar sásaimh dúinn an dlúthchaidreamh atá cothaithe againn leis an rialálaí nua de chuid Rialtas na hÉireann, Coimisiún na Meán, atá freagrach as athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar sheirbhísí meán trí mheán na Gaeilge.

Aithnímid chomh maith go bhfuil na meáin barrthábhachtach chun an daonlathas a chothú agus chun cur i gcoinne na mífhaisnéise agus na bréagfhaisnéise agus is mian linn go bhfaighidh pobal na Gaeilge a gceart ó thaobh seirbhísí meán ar ardchaighdeán ina dteanga féin. Tríd

an teicneolaíocht dhigiteach, tá tionchar na meán ar an tsochaí méadaithe as cuimse agus mura mbeidh ábhar tarraingteach agus iomadúil Gaeilge ar fáil sna hardáin fhíorúla ar a mbíonn an pobal, beidh impleachtaí fíordhiúltacha aige sin ar úsáid na teanga sna réimsí digiteacha.

Chuige sin, le linn na tréimhse straitéisí seo, oibreoimid ar son tuilleadh maoinithe chun go gcuirfear go mór leis an ábhar meán ar ardchaighdeán trí Ghaeilge ar chainéil agus ar ardáin éagsúla a chuimsíonn na meáin stairiúla chomh maith leis na meáin dhigiteacha agus shóisialta. Mar thosaíocht, beimid ag iarraidh tuilleadh acmhainní a bheith curtha ar fáil do na meáin a ndéanaimid maoiniú orthu cheana féin, mar chuid de straitéis níos leithne chun na meáin Ghaeilge a fhorbairt. Beimid ag iarraidh sin a dhéanamh i gcomhthéacs an Phlean Dhigitigh don Ghaeilge ar tagraíodh dó faoi 1.1.2 cheana.

### 2.3.6 Seirbhísí poiblí

Eascraíonn deiseanna breise forbartha ó Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 trí na caighdeáin teanga, a leagfaidh dualgais dhíreacha ar chomhlachtaí poiblí maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge. San áireamh ansin, beidh seirbhísí idirghníomhacha rialtais, cineál seirbhíse a bhfuil éileamh uirthi ag méadú i gcaitheamh an ama. Measann an Coimisinéir Teanga go mbeidh 80% de shaoránaigh ag úsáid na tairsí MyGovID chun teacht ar sheirbhísí poiblí faoi 2030 ach go bhfuil easnaimh thromchúiseacha i seirbhísí idirghníomhacha Gaeilge faoi láthair. Beidh tuilleadh seirbhísí idirghníomhacha dá leithéid ag brath ar infheistíocht bhreise sa teicneolaíocht dhigiteach don Ghaeilge, oiliúint dhírithe ar shaineolaithe ríomhaireachta agus Gaeilge agus feachtas feasachta le pobal na Gaeilge a mhealladh chun iad a úsáid.

Le linn thréimhse an Treo Straitéisigh seo, oibreoidh Foras na Gaeilge go dlúth le hOifig an Choimisinéara Teanga ó dheas chun tacaíocht a fhorbairt sa réimse seo, go háirithe i dtaca le fógraíocht ag comhlachtaí poiblí. Trínár gcaidreamh le Coimisinéir Teanga na Breataine Bige, cuirfimid comhairle ar Rialtas na hÉireann maidir le forbairt agus feidhmiú na gcaighdeán nua teanga, atá ina gcnámh droma ag an reachtaíocht nua. Ó thuaidh, leanfaimid de bheith ag cur comhairle ar an bhFeidhmeannas faoi bhunú Oifig Choimisinéir na Gaeilge agus tacóimid leis an Oifig sin nuair a thiocfaidh sí ar an bhfód. Úsáidfimid ár gcaidreamh seanbhunaithe le húdaráis áitiúla chun comhairle a chur orthu maidir le forbairt seirbhísí Gaeilge i gcomhthéacs na reachtaíochta nua teanga. Leanfaimid de bheith ag comhoibriú le Conradh na Gaeilge i dtaca le hardú feasachta ar sheirbhísí Gaeilge sa phobal.

I bpáirt le páirtithe leasmhara eile, oibreoimid ar chlár chun tacú le forbairt seirbhísí sláinte trí mheán na Gaeilge sna Bailte Seirbhísí Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge. Leagfar béim ar oiliúint sa bhreis a chur ar ghairmithe leighis (teiripeoirí cainte, oibrithe sóisialta, altraí srl.) in institiúidí tríú leibhéil trí scoláireachtaí agus tacaíochtaí eile a chur ar fáil, agus forbairt gréasán sóisialta idir gairmithe sa chóras sláinte, i gcomhar le hOireachtas na Gaeilge ina ról mar Cheanneagraíocht ag a bhfuil freagracht as forbairt gréasán úsáide Ghaeilge.

### 2.3.7 Gaeilge na hAlban

Síneann na ceangail idir Éire agus Albain siar i bhfad agus tá Foras na Gaeilge an-tiomanta don chaidreamh idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban trí chlár Colmcille. Tríd an gclár sin eagraítear imeachtaí a chuimsíonn an dá theanga, reáchtáiltear ócáidí a chuireann teanga Ghaelach amháin chun cinn sa tír eile, bronntar

deontais ar thionscadail, cuirtear le feasacht faoin timpeallacht nádúrtha ina maireann na teangacha agus tugtar deis do phobal na Gaeilge in Éirinn Gaeilge na hAlban a fhoghlaim. Cothaítear an comhoibriú le lucht labhartha Ghaeilge na hAlban i gCeanada agus le cainteoirí Manainnise chomh maith. Go straitéiseach, clúdaíonn obair Colmcille na téamaí seo a leanas: na healaíona, an óige, an oidhreacht, foghlaim an dá Ghaeilge, an fhorbairt phobail agus an taighde.

Aithníonn Foras na Gaeilge an luach uathúil a bhaineann le Colmcille mar thionscadal a chuireann an comhoibriú idirnáisiúnta chun cinn ar bhealach a chuimsíonn níos mó ná teanga Cheilteach amháin. Oibreoimid go dlúth le Rialtas na hÉireann, le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus le Rialtas na hAlban, trí Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus tríd an gComhairle Thoir-Thiar chun bonn maoinithe níos láidre a chur faoi Colmcille agus chun margaíocht níos éifeachtaí a dhéanamh air le linn shaolré an Treo Straitéisigh seo.

### 2.3.8 Deiseanna úsáide eile

Léiríonn torthaí daonáirimh agus taighde eile gur laige é an cumas Gaeilge i measc earnálacha áirithe den daonra. I measc na ngrúpaí sin tá daoine idir aois fágála na scoile agus timpeall 30 bliain, fir, daoine faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, inimircigh, daoine ó chúlra Protastúnach/Aontachtach/dílseach, agus pobail mhionlaigh eile.

Le linn shaolré an Treo Straitéisigh, déanfaidh Foras na Gaeilge tuilleadh scagtha ar na foghrúpaí sin i bpáirt leis na húdaráis staitistiúla sa dá dhlínse chun ár mbeartas faoi chothú úsáid na Gaeilge a mhúnlú. Déanfar taighde a choimisiúnú de réir mar is gá.

## 2.4 Leabhair

Réimse tábhachtach de chuid obair Fhoras na Gaeilge is ea an fhoilsitheoireacht mar aithnímid go bhfuil soláthar acmhainní clóite/digiteacha riachtanach chun cur le húsáid na Gaeilge trí mheán na léitheoireachta. Le fada an lá, táimid ag tacú le feachtais agus gníomhaíochtaí ar nós chomórtais liteartha Oireachtas na Gaeilge, Lá Domhanda na Leabhar, Love Leabhar Gaeilge, na Gradaim Foilsitheoireachta, Clubleabhar. com agus An Post Irish Book Awards chun an scríbhneoireacht agus an fhoilsitheoireacht Ghaeilge a chur chun cinn. Cuireann leabhair ar ardchaighdeán thar réimse leathan seánraí le tarraingteacht na teanga agus cuireann a bhfeiceálacht ar líne agus i siopaí leabhar le stádas na Gaeilge i measc an phobail. Chuige sin, aithnímid go bhfuil gá ar leith le feachtas éifeachtach margaíochta chun gach gné den fhoilsitheoireacht Ghaeilge a chun chur cinn ach táimid feasach chomh maith faoi na bacanna móra a thagann sa bhealach ar nósanna léitheoireachta a chothú i mionteanga agus is mian linn tuiscint níos fearr díobh sin a fhorbairt.

### 2.4.1 Clár na Leabhar Gaeilge

Trí scéimeanna éagsúla, tacaíonn Clár na Leabhar Gaeilge le foilsitheoirí neamhspleácha chun leabhair Ghaeilge a sholáthar don mhargadh. Is gá tuilleadh taighde a dhéanamh ar an margadh sin féachaint cé na bearnaí atá ann agus cén áit is mó a bhfuil éileamh ar ábhar Gaeilge. Ba cheart don obair sin gnásanna léitheoireachta i measc daoine óga agus fásta a chuimsiú chun gur féidir earnáil na leabhar Gaeilge a fhorbairt go straitéiseach i bpáirt leis na foilsitheoirí. Le linn na tréimhse straitéisí seo, déanfaidh Foras na Gaeilge coimisiúnú ar thaighde cuimsitheach faoin earnáil na leabhar Gaeilge chun an fhorbairt straitéiseach sin a threorú.

Mar chuid den phlé leis an dá rialtas maidir le hacmhainní na heagraíochta, déanfaimid an cás gur gá maoiniú Chlár na Leabhar Gaeilge a thabhairt faoin gcóras croímhaoinithe, is é sin go mbeadh buiséad buan aige ón dá Roinn Coimircíochta. Cuimsíonn obair Fhoras na Gaeilge sa réimse tábhachtach seo pobal na Gaeilge ar fud an oileáin agus thar lear, agus tá sé ríthábhachtach go mbeidh deiseanna léitheoireachta ar fáil ag lucht na Gaeilge go háitiúil agus sa mhórphobal. Is riachtanas bunúsach é sin chun an chuid seo d'obair Fhoras na Gaeilge a fhorbairt go straitéiseach.

Beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh tógáil ar an obair fhiúntach phoiblíochta a rinneadh cheana chun clár cuimsitheach margaíochta a fhorbairt i bpáirt leis na foilsitheoirí agus na siopaí chun scoth na leabhar Gaeilge a chur chun cinn i measc an phobail. Cuimseoidh an clár sin gné láidir dhigiteach agus rachfar i bhfeidhm ar chraoltóirí agus soláthróirí ábhar meán chun tuilleadh poiblíochta a thabhairt don léirmheastóireacht. Lena chois sin, beimid ag iarraidh cur leis an obair chomhpháirtíochta le Leabhair Pháistí Éireann agus Laureate na nÓg le haird a tharraingt ar leabhair agus ar an léitheoireacht do dhaoine óga.

D'éirigh thar barr go dtí seo le Scríobh Leabhar, tionscadal a spreagann páistí bunscoile chun leabhair Ghaeilge dá gcuid féin a scríobh. Beimid ag iarraidh cur go suntasach leis na hacmhainní a chaitear ar an scéim sin agus forbrófar í tríd an bpróiseas pleanála teanga, go háirithe sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge i bpáirt le grúpaí Gaeilge agus leabharlanna áitiúla.

I measc na dtograí eile a mbeimid ag iarraidh tógáil orthu le linn na tréimhse straitéisí seo, a chabhróidh leis an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht sa Ghaeilge a chothú tá scéimeanna léitheoireachta luathaithe, an scéim meantóireachta do scríbhneoirí, oiliúint bhreise

do scríbhneoirí agus eagarthóirí liteartha, inrochtaineacht i bhformáidí éagsúla ar nós closleabhair/formáidí digiteacha, poiblíocht ar leabhair Ghaeilge sna meáin Bhéarla agus riachtanais an phobail ardoideachais a aithint.

### 2.4.2 Áis

Is é ÁIS córas dáileacháin leabhar Fhoras na Gaeilge agus is é a chinntíonn go mbaineann na leabhair amach ceann scríbe an tsiopa leabhar ar fud na tíre agus go ndéanfar leabhair a sheachadadh chuig léitheoirí ar an bpost in Éirinn agus thar lear. Le linn shaolré an Treo Straitéisigh, beimid ag tógail ar na hacmhainní atá ar fáil do ÁIS, go háirithe i réimse na teicneolaíochta, chun an ghné riachtanach seo a fhorbairt. Le linn na tréimhse straitéisí seo, beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh feidhm a thabhairt do na moltaí a tháinig as an ngrinnscrúdú ar earnáil scríbhneoireacht, fhoilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge sa tuarascáil a d'fhoilsigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge in 2023.

### 2.4.3 An Gúm

Is é an Gúm teach foilsitheoireachta Fhoras na Gaeilge a fhoilsíonn leabhair scoile den chuid is mó. Leanfaidh an Gúm dá chomhoibriú le geallsealbhóirí eile ar nós Thuismitheoiri na Gaeltachta, an tÁisaonad Lán-Ghaeilge agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaeloideachais chun na bearnaí i soláthar na leabhar oideachais a aithint. Beidh an t-athbhreithniú ar an tsraith iomráiteach don bhunscoil Séideán Sí curtha i gcrích faoi thús shaolré an Treo Straitéisigh seo agus oibreoimid le cinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na leasuithe a mholfar, le béim ar leith ar shaibhreas na gcanúintí Gaeltachta. Déanfaimid tuilleadh suirbhéireachta i measc ár ngeallsealbhóirí chun riachtanais eile a aithint, mar shampla i dtaca le

clár athchlónna agus leabhair eile do dhaoine óga ar aistriúcháin ó theangacha eile iad, agus ábhar léitheoireachta do dhaoine le riachtanais speisialta.

Le linn shaolré an Treo Straitéisigh beimid ag iarraidh comhairle a chur ar an an Roinn Oideachais agus Óige ó dheas agus páirtithe leasmhara eile, go háirithe COGG, maidir leis na dúshláin mhóra a bhaineann le soláthar téacleabhar do scoileanna dara leibhéal.

Le blianta beaga anuas, d'fhoilsigh an Gúm leabhair a bhfuil téama na héagsúlachta i gceist leo, mar shampla cruachás na n-inimirceach nó an t-athrú i gcomhdhéanamh an teaghlaigh chomhaimseartha. Le linn shaolré an Treo Straitéisigh, cinnteoidh an Gúm go ndéanfar an téama sin a fhorbairt a thuilleadh ina chuid foilseachán ar mhaithe le léiriú níos ilghnéithí a thabhairt i nGaeilge ar shochaí na hÉireann agus an domhain. Cinnteoimid freisin go ndéanfar tuilleadh comhoibrithe idir an Gúm, COGG agus an tÁisaonad chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar ábhair oideachasúil.

# MÓRCHUSPÓIR STRAITÉISEACH 3: STÁDAS & DEARCADH TEANGA

Tá an phleanáil stádais ina dlúthchuid den phleanáil teanga ó tosaíodh ag forbairt an choincheapa sna 1960í. Baineann tábhacht mhór le stádas na Gaeilge d'fhorbairt na teanga mar cothaíonn sé aitheantas agus ábharthacht chultúrtha agus éascaíonn sé bearta cinnte pleanála a chuireann bonn níos láidre faoi thacaíocht an stáit don teanga. Bhí stádas bunreachtúil na Gaeilge ó dheas ina bhunchloch do chuid mhaith tionscadal mór agus léiríonn an taithí ó thuaidh go soiléir na dúshláin a eascraíonn ó stádas níos laige.

Bíonn tionchar ag stádas ar dhearcthaí i leith na teanga chomh maith, ceann eile de bhunghnéithe na pleanála teanga ar fud na cruinne. Gan dearcadh dearfach, ní féidir na cúinsí a chruthú ina bhféadfadh duine sprioctheanga a fhoghlaim nó ina bhféadfadh duine a bhfuil an teanga acu cheana í a úsáid níos minice. Ach ní leor dearcadh dearfach as féin agus is mó bac a bhíonn idir meon, cumas agus úsáid mar a léiríonn cás na Gaeilge go soiléir: in ainneoin dearcadh dearfach a bheith ag formhór an phobail ó dheas i leith na teanga agus ag sciar suntasach den phobal ó thuaidh, tá an leibhéal úsáide i suíomhanna sóisialta lasmuigh den chóras oideachais an-íseal i gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht. Sa Ghaeltacht féin, níl an Ghaeilge ina teanga phobail ach i líon beag ceantar agus ag creimeadh léi i gcaitheamh an ama. Creideann Foras na Gaeilge gur gá dearcadh dearfach i measc an phobail ar fad a chothú chun tacú leis na cúinsí ina mbeidh níos mó Gaeilge á foghlaim, á sealbhú agus á húsáid agus tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh againn ina leith sin ó bunaíodh sinn in 1999.

Cé go gcuimsíonn obair na gCeanneagraíochtaí go léir gnéithe de stádas na Gaeilge agus dearcadh ina leith, aithnímid an ról

tábhachtach atá ag Conradh na Gaeilge sa chás seo agus oibreoimid i bpáirt leo chun an Mórchuspóir seo a chur i gcrích.

## 3.1 Feasacht

Tá gá leanúnach le feachtais feasachta i measc an phobail faoi théamaí amhail buntáistí an dátheangachais, an tumoideachas, deiseanna úsáide Gaeilge agus cearta teanga. In ainneoin iarrachtaí stairiúla Fhoras na Gaeilge agus na gCeanneagraíochtaí tuairimí earráideacha nó aineolacha a iompú nó a mhaolú, maireann míthuiscintí agus uaireanta naimhdeas i leith na Gaeilge i measc sciar den phobal. I bhfianaise na héagsúlachta sa tsochaí sa dá dhlínse, táimid an-fheasach go bhfuil gá le cur chuige nua chun dul i bhfeidhm ar dhaoine nár rugadh in Éirinn agus a bhfuil cúlraí eitneacha éagsúla acu nó nach n-ionannaíonn le féiniúlacht Éireannach. Baineann sé sin le hinimircigh ar fud na tíre agus le sciar mór den phobal PAD ó thuaidh.

Mar a luadh ag 2.2.2 agus 2.3.1 thuas, mar chuid de Creidim Ionat, oibreoidh Foras na Gaeilge sa tréimhse straitéiseach seo ar fheachtais feasachta dírithe ar na spriocghrúpaí sin agus léireoimid gur acmhainn dhearfach ar son na hionchuimsitheachta í an Ghaeilge a bhaineann le cách atá ag cur fúthu in Éirinn agus nach mbaineann eisiachas ar bith léi. Cuimseoidh na feachtais sin leibhéil éagsúla chumais agus tíreolaíocha agus rachaimid i bpáirt leis an gCeanneagraíocht Conradh na Gaeilge agus le grúpaí eile sna Líonraí agus sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta chun iad a reáchtáil. Mar shampla, d'fhéadfaí feachtas náisiúnta a rith comhthreomhar le tionscnaimh áitiúla sna ceantair phleanála teanga agus tá féidearthachtaí ann feachtais a fhorbairt a bheadh dírithe ar chainteoirí cumasacha a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid chomh maith le cinn eile d'fhoghlaimeoirí nach bhfuil mórán Gaeilge acu fós. I measc na roghanna eile tá inimircigh agus

grúpaí mionlaigh ar tagraíodh dóibh cheana (2.2) daoine óga, lánúineacha óga agus daoine atá gafa le spórt/aclaíocht.

Oibreofar chomh maith ar fheachtas chun na deiseanna fostaíochta agus nuálaíochta atá ar fáil i nGaeilge a chur i mbéal an phobail lena chur ina luí ar dhaoine áit níos tábhachtaí a thabhairt don teanga ina saol.

## 3.2 An Ghaeilge thar lear

Is údar ceiliúrtha dúinn gur teanga idirnáisiúnta í an Ghaeilge a labhraítear níos faide i gcéin ná críocha na hÉireann agus a bhfuil suim ag daoine go leor ar fud na cruinne í a fhoghlaim agus a úsáid. Aithnímid na buntáistí suntasacha a ghnóthaigh an Ghaeilge nuair a tugadh stádas iomlán mar theanga oifigiúil oibre di san Aontas Eorpach. Maidir le dearcadh teanga, chuir an cinneadh sin go mór le stádas na Gaeilge, atá anois ar chomhchéim le teangacha oifigiúla eile na hEorpa, rud a thugann le tuiscint go mbaineann luach breise eacnamaíoch agus cultúrtha léi. Mar thoradh air sin, tá deiseanna fostaíochta den scoth ar fáil do dhaoine a bhfuil ardchumas Gaeilge acu, spreagadh breise chun dearcadh dearfach i leith na teanga a chothú. Bíonn ár bhfoireann téarmaíochta i gcomhar le baill dheonacha an Choiste Téarmaíochta ag obair go rialta cheana féin le hionadaithe ó na hinstitiúidí Eorpacha uile chun forbairt na téarmaíochta Gaeilge a chomhordú agus tá dul chun cinn éachtach déanta sa réimse seo le blianta beaga anuas.

Oibreoimid i gcomhar le Rialtas na hÉireann le linn thréimhse an Treo Straitéisigh seo chun tuilleadh poiblíochta a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le stádas oifigiúil na Gaeilge san AE. Saothróimid chomh maith chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hearcú aistritheoirí agus go háirithe ateangairí agus de réir na n-acmhainní a

bheidh ar fáil, tacóimid go straitéiseach le forbairt na hearnála, mar shampla trí scoláireachtaí a bhronnadh.

Aithnímid chomh maith na deiseanna a chruthaigh tionscnaimh de chuid Rialtas na hÉireann chun an Ghaeilge a theagasc ar an tríú leibhéal i Meiriceá Thuaidh, na cláir Ghaeilge i bpáirt leis an gCoimisiún Fulbright agus Fondúireacht Ollscoil Éireann Cheanada. Baineann an-luach leis na cláir sin chun cur le feasacht faoin nGaeilge sna hinstitiúidí féin agus sna pobail máguaird agus cruthaíonn siad deis mhealltach fostaíochta eile do chéimithe óga Gaeilge as Éirinn.

Tacóimid le poiblíocht a dhéanamh ar na cláir sin sna líonraí ina mbímid gníomhach agus spreagfaimid grúpaí a shaothraíonn ar son na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh agus in áiteanna eile cur isteach ar ár gcuid scéimeanna tacaíochta. Chun tuilleadh feasachta a spreagadh faoi dheiseanna fostaíochta Gaeilge, tacóimid leis an tionscadal Gluaiseacht de chuid na Ceanneagraíochta Conradh na Gaeilge.

Tríd an gclár Colmcille (féach 2.3.7 thuas), leanfaimid orainn de bheith ag cur le feasacht ar na teangacha Gaelacha in Éirinn, in Albain agus in Oileán Mhanann.

## 3.3 Tionchar agus comhairle

Glacann Foras na Gaeilge go han-dáiríre lena fheidhm reachtúil chun comhairle faoin nGaeilge a chur ar lucht riaracháin an dá dhlínse, ar fhorais phoiblí agus ar eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha eile. Is dlúthchuid í an fheidhm sin den obair is gá a dhéanamh chun dearcadh níos dearfaí i leith na Gaeilge a chothú i measc na n-údarás poiblí agus in eagraíochtaí eile. Tá sé tábhachtach go mbeidh siad ar an eolas maidir le forbairtí reachtúla agus polasaithe rialtais, agus feasach ar na deiseanna a bhaineann leo sin. Mar phríomheagraíocht

náisiúnta na Gaeilge, leanfaimid orainn de bheith ag stocaireacht ar son na teanga ag leibhéil éagsúla le linn na tréimhse straitéisí seo.

Tá sé i gceist againn i saolré an Treo Straitéisigh múnla nua a fhorbairt chun dul i bhfeidhm mar phríomheagraíocht na Gaeilge ar bhealach níos comhordaithe ar na Ranna Rialtais éagsúla, go háirithe i bhfianaise na hoibre ar straitéisí nua rialtais don Ghaeilge sa dá dhlínse. Úsáidfear an múnla sin chun mórthéamaí straitéiseacha a fhorbairt chun tacaíocht na ranna a fháil lena gcur i bhfeidhm. Pléifear ceist mhaoiniú Fhoras na Gaeilge faoi Mhórchuspóir 4 thíos. Treiseoimid ár gcomhoibriú leis na húdaráis áitiúla agus na forais chultúrtha sa dá dhlínse, meabhróimid dóibh na dualgais reachtúla atá orthu agus cuirfimid comhairle orthu maidir lena gcur i gcrích. Leanfaimid orainn de bheith ag glacadh ról ceannaireachta i bhFóram na nEagraíochtaí Cultúrtha, agus i bhFóram na nÚdarás Áitiúil.

Cinnteoimid go mbeidh ionadaíocht againn i gcónaí ar choistí comhairleacha rialtais agus go dtiocfaimid i láthair an Oireachtais agus an Tionóil de réir mar is gá chun ár gcuid oibre a mhíniú. Glacfaimid ról réamhghníomhach i dtaca le feidhmiú na reachtaíochta teanga sa dá dhlínse. Maidir leis an bpríomhreachtaíocht chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar, oibreoimid i ndlúthchomhar le hOifig an Choimisinéara Teanga ó dheas agus beimid páirteach sa phróiseas chun oifig dá leithéid a bhunú ó thuaidh. Roinnfimid saineolas agus moltaí dea-chleachtais maidir le pleananna teanga institiúideacha agus tacóimid go gníomhach le forbairt na gcaighdeán teanga nua sa dá dhlínse. Trí thacú leis an bhfeachtas de chuid Chonradh na Gaeilge #Gaeilge4All agus obair leis na Ceanneagraíochtaí Gaeloideachas agus Gael Linn go háirithe agus le Comhairle na Gaelscolaíochta ó thuaidh, oibreoimid chun stádas na Gaeilge a dhaingniú agus leis an nGaelscolaíocht a fhorbairt sa dá chóras oideachais in Éirinn.

Táimid an-fheasach ar an luach a bhaineann le malartú eolais faoin dea-chleachtas i dtíortha eile ina mbíonn mionteangacha á labhairt agus is cúis bhróid dúinn ár rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóraim tras-Eorpacha ar nós an Líonra um Éagsúlacht Teangacha a Chur Chun Cinn (NPLD) agus Cónaidhm Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta Teanga (EFNIL). Cinnteoimid go leanfar den rannpháirtíocht sin agus go dtapóimid an deis teagmhálacha níos dlúithe a chothú le hionadaithe ó rialtais/údaráis eile, go háirithe i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíochta atá cosúil le cás na Gaeilge ar nós na Breataine Bige agus Thír na mBascach.

## 3.4 Taighde

Tá forbairt an taighde ar an nGaeilge ar cheann eile de na feidhmeanna reachtúla atá ag Foras na Gaeilge agus tá tionscadail faoi théamaí éagsúla beartaithe againn le linn shaolré an Treo Straitéisigh seo.

Tá comharba na tuarascála Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge (2015), an mórthionscadal taighde 10 mbliana le foilsiú i dtús an na saolré sin agus úsáidfimid torthaí na hoibre sin chun ár mbeartais a mhúnlú sa tréimhse atá amach romhainn.

I bhfianaise thábhacht na meán i gcomhthéacs chlaochlú na sochaí trí chéile, leanfaimid orainn de bheith ag comhoibriú le Coimisiún na Meán,

tacóimid le cur i bhfeidhm mholtaí an athbhreithnithe ar thírdhreach na meán Gaeilge agus déanfaimid coimisiúnú ar thaighde eile de réir mar is gá.

Forbróimid taighde nua faoi úsáid teangacha ar an tsráid agus in áiteanna poiblí sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí

Gaeilge, bunaithe ar obair chomhchosúil i dTír na mBascach le 30 bliain anuas. Chuige sin, leanfaimid dár gcomhoibriú luachmhar leis an bhforas taighde Bascach Soziolinguistika Klusterra. Leanfaimid orainn de bheith ag coimisiúnú taighde faoi fhorbairt na Gaeilge i measc gnólachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gcúrsaí eacnamaíochta.

Treiseoimid an comhoibriú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde agus, i bpáirt leo, foilseoimid tuarascálacha taighde ar leith bunaithe ar thorthaí daonáirimh faoi chumas agus úsáid na Gaeilge. Beidh an taighde sin luachmhar chun treo breise straitéiseach a thabhairt don phróiseas pleanála teanga.

I gcomhthéacs an phlé ar athruithe bunreachtúla ar an oileán agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Ghaeilge, rachaimid i bpáirt le forais taighde eile, ar nós an tionscadail Analysing and Researching Ireland North and South de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann, chun fianaise chuí a bhailiú.

Déanfaimid taighde cuí eile a choimisiúnú sa tréimhse chéanna, go háirithe faoi théamaí barrthábhachtacha nua sa Treo Straitéiseach seo, ar nós na teicneolaíochta agus na héagsúlachta, agus úsáid na téarmaíochta Gaeilge i gcaint na ndaoine.

# MÓRCHUSPÓIR STRAITÉISEACH 4: RIALACHAS EAGRAÍOCHTA

Tá bearnaí móra i soláthar acmhainní Fhoras na Gaeilge ó bunaíodh an eagraíocht in 1999, rud a chuir bac orainn cuid dár n-aidhmeanna straitéiseacha a chur i gcrích in imeacht na mblianta agus a chuir an-srian ar ár bhforbairt eagraíochtúil. Ó 2008 go dáta, tá titim 45% inár n-ioncam ach tá an t-éileamh ar ár dtacaíocht ag méadú i gcaitheamh an ama agus ní féidir linn freastal air. Tá impleachtaí aige sin ní amháin ar ár gcuid oibre féin ach ar earnáil na Gaeilge ar fad, thuaidh agus theas. Ó 2014, tá an easpa acmhainní ag cur srian leis na gCur Chuige Comhpháirtíochta agus le feidhmiú éifeachtach polasaithe i leith na Gaeilge sa dá dhlínse. Chomh maith leis sin, tá an comhthéacs polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta ina bhfuilimid ag obair athraithe as cuimse ó 1999 agus athrófar tuilleadh é i dtréimhse an Treo Straitéisigh seo, go háirithe i réimsí na teicneolaíochta agus na sochaí. Táimid ag iarraidh go dtabharfar aghaidh ar na dúshláin a bhain go dtí seo le croímhaoiniú Fhoras na Gaeilge agus go gcuirfear struchtúr níos inmharthana agus níos éifeachtaí i bhfeidhm sna blianta seo romhainn. 25 bliain is fiche tar éis bhunú Fhoras na Gaeilge, is mithid athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr inmheánach na heagraíochta féachaint an bhfuil sé oiriúnach dá fheidhm sa tréimhse 2025-2030. Ó thaobh rialachais de, tá na dualgais tuairiscithe níos ilghnéithí agus níos dúshlánaí agus is gá polasaithe agus nósanna imeachta na heagraíochta a thabhairt cothrom le dáta le bheith in ann freastal ar riachtanais na linne.

## 4.1 Acmhainní

Is é an soláthar cuí acmhainní, idir bhuiséad agus fhoireann, chun riar ar phleananna straitéiseacha na heagraíochta an tosaíocht is mó atá ag Foras na Gaeilge sa tréimhse amach romhainn. Faoin meamram airgeadais ina dtugtar mioneolas faoi shocruithe airgeadais na heagraíochta, leagtar amach go dtagann 75% den chroímhaoiniú ó Rialtas na hÉireann agus 25% ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Idir ghéarchéimeanna eacnamaíochta ag tréimhsí éagsúla ar dhá thaobh na teorann agus guagacht pholaitiúil ó thuaidh, bhain éiginnteacht leanúnach le croímhaoiniú le blianta, rud a chuir srian suntasach ar ár gcumas ní hamháin obair na heagraíochta a chur i gcrích go héifeachtach ach pleanáil mheántéarmach nó fhadtéarmach a dhéanamh. Is amhlaidh atá an cás do na Ceanneagraíochtaí agus do ghrúpaí Gaeilge eile.

In iarracht an deacracht leis an tsamhail mhaoinithe a shárú, tá maoiniú imfhálaithe gearrthéarmach tugtha ag Rialtas na hÉireann dúinn le blianta beaga anuas ach ní cur chuige inbhuanaithe airgeadais é sin. Tá aird tugtha ag Conradh na Gaeilge agus ag iliomad eagraíochtaí Gaeilge eile ar an bhfadhb seo sa Phlean Fáis 2024- 2029. Is í an cheist seo an dúshlán is mó atá againn mar eagraíocht agus táimid diongbháilte sa tréimhse straitéise nua go n-oibreoimid ag an leibhéal is airde leis an dá Rialtas chun plean fadtéarmach inbhuanaithe maoiniú a aontú chun gur féidir Mórchuspóirí an Treo Straitéisigh seo a bhaint amach i gcomhréir lenár bhfís agus lenár misean amach anseo.

## 4.2 Struchtúr agus córais

### 4.2.1 Struchtúr eagraíochtúil

Sa tréimhse seo romhainn, agus faoi réir ag struchtúr inbhuanaithe maoinithe a aontú leis an dá Rialtas, déanfaimid athbhreithniú ar struchtúr Fhoras na Gaeilge, atá i bhfeidhm ó bunaíodh an eagraíocht in 1999. Beidh sé d'aidhm ag an athbhreithniú sin struchtúr leasaithe a aontú a dhéanfaidh feidhmeanna agus freagrachtaí barrthábhachtacha na heagraíochta agus na foirne bainistíochta a shoiléiriú chun a chinntiú gur féidir linn ár bhfís agus ár misean a bhaint amach.

### 4.2.2 Acmhainní daonna

Tá dúshlán mór ag baint le hacmhainní daonna Fhoras na Gaeilge le blianta beaga anuas, go háirithe sna gráid fostaíochta is ísle. Is géire fós an dúshlán sin i bhfianaise na lánfhostaíochta agus an chostais maireachtála, go háirithe i mBaile Átha Cliath. Is deacra fós teacht ar fhoireann cháilithe nuair a bhíonn riachtanas Gaeilge i gceist, go háirithe i réimse sainspéise ar nós na teicneolaíochta. Roimh thús an Treo Straitéisigh seo, chuir Foras na Gaeilge dlús le forbairt na rannóige acmhainní daonna san eagraíocht agus le linn na tréimhse straitéisí seo, aontóimid clár forbartha foirne a chuimseoidh réimsí ar nós ionduchtúcháin, saibhriú teanga, oiliúint inseirbhíse agus tacaíocht bhreise i réimsí ar nós an chomhionannais agus na héagsúlachta. Déanfar athbhreithniú sa tréimhse seo chomh maith ar an gCóras Forbartha Foirne agus Feabhsú Feidhmíochta (FFFF) atá i bhfeidhm ó 2014.

### 4.2.3 Córais inmheánacha

Is í an tuarascáil bhliantúil fuinneog siopa gach eagraíochta agus tá sé riachtanach go mbeadh sí soiléir, soléite agus tarraingteach dá lucht léitheoireachta agus gur féidir í a úsáid chun íomhá dhearfach a chur chun cinn. In 2022, cuireadh tús le hathbhreithniú ar struchtúr agus ar ábhar na tuarascála bliantúla chun go gcuirfeadh sí obair Fhoras na Gaeilge i láthair an phobail ar bhealach níos soiléire agus go bhféadfaí í a úsáid mar áis chun dul i bhfeidhm ar réimse leathan geallsealbhóirí. Leanfar den fhorbairt sin le linn an Treo Straitéisigh seo agus déanfar athbhreithniú ar struchtúr agus ar ábhar an Phlean Chorparáidigh agus an Phlean Gnó chomh maith.

Mar fhreagairt ar an gclaochlú sa chomhthéacs rialachais, déanfar athbhreithniú ar pholasaithe agus nósanna imeachta uile Fhoras na Gaeilge le cinntiú go bhfuil siad oiriúnach dá bhfeidhm agus cothrom le dáta. Tabharfar tús áite do pholasaithe i leith na haeráide, an chomhionannais agus cosaint sonraí.

Le linn thréimhse an Treo Straitéisigh, cinnteofar go gcuirfear an córas nua bainistíochta deontas ar líne i bhfeidhm go héifeachtach agus go n-oibreoidh sé ag ardleibhéal feidhmíochta a rachaidh chun sochair Fhoras na Gaeilge agus na ndeontaithe araon.

## 4.3 Luacháil

In 2022, choimisiúnaigh Foras na Gaeilge taighdeoirí seachtracha chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar 6 cinn de scéimeanna/tionscadail de chuid na heagraíochta. Bhí sé d'aidhm ag an athbhreithniú luacháil neamhspleách a dhéanamh ar na scéimeanna agus moltaí chun feabhais a dhéanamh, ionas a chinntiú go mbeidh siad ag dul i bhfeidhm ar iompraíocht teanga, go mbeifí

éifeachtach i gcaiteachas airgid phoiblí agus i bhfeidhmiú fheidhmeanna Fhoras na Gaeilge. Cuirfear torthaí an athbhreithnithe sin i bhfeidhm le linn shaolré an Treo Straitéisigh seo agus déanfar coimisiúnú ar thaighde eile chun luacháil a dhéanamh ar thuilleadh scéimeanna/tionscadal. Cuirfear béim sa chéad chéim eile ar léargas níos mine a fháil ar conas atá ag éirí le ceann de mhórfheidhmeanna Fhoras na Gaeilge: cur chun cinn na Gaeilge sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí.

Déanfar athbhreithniú freisin ar an struchtúr tuairiscithe agus monatóireachta idir Foras na Gaeilge agus ár ndeontaithe. Pléifimid an fhéidearthacht le clár oiliúna a fhorbairt a bheadh dírithe ar Oifigigh Ghaeilge agus ar Oifigigh Pleanála Teanga chun leanúnachas agus seachadadh scileanna a chinntiú san earnáil. Ag brath ar shocrú inbhuanaithe maoinithe a aontú, beimid ag iarraidh tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár ndeontaithe chun an caidreamh gairmiúil agus pearsanta a threisiú.

Bhí athbhreithniú ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta ar bun roimh thiomsú an Treo Straitéisigh seo agus beidh na torthaí sin ar fáil in 2025. Tabharfaidh Foras na Gaeilge tús áite d'fheidhmiú na moltaí a eascróidh ón athbhreithniú sin a mbaineann barrthábhacht leis ó thaobh earnáil na Gaeilge. Ag brath ar thorthaí an athbhreithnithe, déanfaimid cinnte go mbeidh an Fóram Forbartha Teanga agus an Fóram Comhpháirtíochta ag feidhmiú go héifeachtach agus go rialta sa tréimhse straitéiseach seo romhainn.

Bunaithe ar na tionscadail luachála sin agus ar thaighde eile, forbróidh Foras na Gaeilge athbhreithniú níos doimhne ar úsáid na Gaeilge sa tsochaí, idir labhairt agus scríobh. Déanfar sin ar na bealaí seo a leanas:

- Taighde a thosú ar úsáid teangacha ar an tsráid agus in áiteanna poiblí (féach 3.4 thuas);
- Mionscagadh a dhéanamh ar an dá dhaonáireamh i bpáirt leis na gníomhaireachtaí cuí (féach 3.4 thuas);
- Mionscagadh a dhéanamh ar éifeachtúlacht scéimeanna eile a bhfuil sé d'aidhm acu cur le húsáid na Gaeilge;
- Moltaí an mhórthionscadail taighde ar dhearcadh an phobail a fhoilseofar in 2025 (féach 3.4 thuas) a fheidhmiú.

## 4.4 Bonneagar teicniúil

Tá an comhthéacs teicneolaíochta ag athrú ar luas lasrach i gcaitheamh an ama ar bhealach a fhágann go bhfuil sé dodhéanta a thuar cén cuma a bheidh air faoi 2030. Chomh maith le tacú le feidhmiú an Phlean Dhigitigh don Ghaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa tsochaí (féach 1.2.2 thuas), forbróidh Foras na Gaeilge straitéis chlaochlaithe dhigitigh laistigh den eagraíocht sa tréimhse seo romhainn le cinntiú gur féidir le gach rannóg agus gach fostaí lánleas a bhaint as na deiseanna nua a chruthaíonn an teicneolaíocht dhigiteach, go háirithe an intleacht shaorga. Tá sé d'aidhm againn go gcuirfidh an straitéis sin go mór le héifeachtúlacht na heagraíochta agus go gcuirfidh sé lenár gcumas fís agus misean Fhoras na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

# FEIDHMIÚ

Tá feidhmiú an Treo Straitéisigh seo ag brath ar chomhoibriú éifeachtach le geallsealbhóirí uile Fhoras na Gaeilge, go háirithe leis na Ranna Coimircíochta agus na Ceanneagraíochtaí Gaeilge. Tá sí ag brath chomh maith ar sholáthar cuí acmhainní a bheith ar fáil, idir bhuiséad agus fhoireann, agus go háirithe ar thuilleadh feasachta a bheith i measc an phobail maidir le fís agus misean na heagraíochta. Is gá go n-oibreoidh foireann uile Fhoras na Gaeilge i bpáirt le chéile chun na mórchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Le linn shaolré an Treo Straitéisigh seo, beidh ar Fhoras na Gaeilge fás agus athrú de réir an chomhthéacs pleanála, chun riar ar riachtanais na ndaoine a bhfreastalaímid orthu agus ar fhorbairt na teicneolaíochta agus na sochaí araon.

Is í foireann ardbhainistíochta Fhoras na Gaeilge a ghlacfaidh freagracht as feidhmiú an Treo Straitéisigh faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh. Is iad an Plean Corparáideach (2026-2029) agus na Pleananna Gnó bliantúla an mheicníocht ina dtabharfar tuilleadh sonraí faoi bhearta aonair, spriocanna sonracha, páirtithe freagracha agus amscála feidhmithe. Is struchtúir iad sin atá fadbhunaithe agus a chinntíonn tuairiscí rialta faoi dhul chun cinn na hoibre leis na Ranna Coimircíochta. Is í an fhoireann Pleanála Corparáidí a dhéanfaidh tuairisciú ar dhul chun cinn an Treo Straitéisigh trí mheán na meicníochta sin.